# Tuarascáil Bhliantúil 2018

CLÁR

Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta 2

Buaicphointí 2018

Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh 5

Bord Thurasóireacht Éireann 12

Tuarascáil agus Ráiteas Airgeadais 16

**Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta**

Bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann (cuideachta teoranta faoi Rathúnas), faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC), Turasóireacht Éireann CTR le bheith ina ghéag margaíochta don turasóireacht thar lear d'oileán na hÉireann agus corpraíodh é ar an 11 Nollaig 2000 mar Chuideachta Teoranta ag Ráthaíocht gan Scairchaipiteal.  Tógann an chuideachta treoir beartais ón NSMC agus coinníonn sé dlúthchaidreamh oibre lena chomhaltaí bunaigh, Fáilte Éireann (FI) agus Tourism Northern Ireland (TNI). Is iad príomhchuspóirí na cuideachta an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann lena chumas turasóireachta a bhaint amach.  Tá an chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais faofa ag an NSMC agus ullmhaíonn sí Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Plean Oibriúcháin aon-bhliana mar threoir dá cuid gníomhaíochtaí Faigheann an chuideachta maoiniú ón dá dhlínse agus íoctar na deontais seo amach trí FI agus TNI. Ceapann an NSMC bord stiúrthóirí go ceann tréimhse ceithre bliana de ghnáth. Beidh deireadh ag teacht le téarma reatha na mball ceaptha ó dhlínse an deiscirt i mí na Nollag 2019 agus beidh deireadh le téarma na mball ceaptha ó dhlínse an tuaiscirt i mí na Nollag 2022.

BUAICPHOINTÍ 2018

Cuairteoirí ón iasacht go hoileán na hÉireann
11.8m

Méadú i líon na gCuairteoirí ón iasacht go hoileán na hÉireann
+5%

Cuairteoirí saoire go hoileán na hÉireann
5.64m

Caite ag cuairteoirí ón iasacht
€5.86bn/£5.3bn

Méadú i gcaiteachas thar 2017
+5%

Margaí iasachta Thurasóireacht Éireann
21

4 Mhargadh is mó don turasóireacht isteach:
An Bhreatain
SAM
An Ghearmáin
An Fhrainc

Poiblíocht iasachta de luach
€330/£297m

Cuairteoirí uathúla ar Ireland.com in 2018
**20.3m**

Rangú láithreacht shóisialta Thurasóireacht Éireann
Facebook Uimh. **4**
Twitter Uimh. **4**
Youtube Uimh. **4**

Éire sa **tríú háit** do mhargaíocht agus bhrandáil turasóireachta (World Economic Forum)
(Tá gach suim euro aistrithe go sterling ag an ráta NSMC €1.00 = £0.90)

# Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Joan O'Shaughnessy
Cathaoirleach

Niall Gibbons
Príomhfheidhmeannach

Bliain éachtach eile ba ea 2018 don turasóireacht iasacht chuig oileán na hÉireann, le hioncam de €5.86/£5.3 billiún cruthaithe ag cuairteoirí iasacht, méadú 5% ar 2017, agus timpeall 325,000 post á bhuanú ar fud oileán na hÉireann dá bharr. Thug 11.18 milliún duine cuairt ar oileán na hÉireann, méadú 5% ar 2017, leis an líon is mó riamh ag teacht chugainn as Meiriceá Thuaidh, mór-roinn na hEorpa, An Astráil agus margaí nua agus fás measartha ar chuairteoirí ón Bhreatain. Bhí fás 11% ar chuairteoirí saoire ón iasacht i rith na bliana, 557,000 cuairteoir breise.

Ba í seo an t-ochtú bliain as a chéile a raibh fás ar thurasóireacht ón iasacht chuig oileán na hÉireann agus táimid cinnte i dTurasóireacht Éireann go leanfar ar aghaidh ag cur leis an rath sin agus leis na buntáistí eacnamaíocha a scaipeadh níos cothroime ar fud an oileáin agus i rith na bliana.

**Tosaíochtaí Straitéiseacha**
Le linn na pleanála do 2018, leag Turasóireacht Éireann tosaíochtaí áirithe straitéiseacha amach lenár dtionchar bolscaireachta a uasmhéadú, le tógáil ar ghnóthachain a bhí déanta le déanaí, agus leis an fhás a bhuanú amach anseo. Leanamar ar aghaidh lenár straitéis éagsúlaithe margaidh a chur i bhfeidhm, leis an ioncam saoise is mó is féidir a bhaint amach trí infheistíocht i Mór-roinn na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh. Chuireamar béim ar na cuairteoirí 'is dóchúla' le heispéiris shuntasacha saoire, imeachtaí agus tairiscintí speisialta oiriúnaithe dá spéiseanna agus deartha lena bhfonn 'caithfidh mé dul anois' a mhúscailt. Thugamar faoi chlár leitheadach fógraíochta san Astráil agus i margaí ardchumais eile atá ag teacht chun cinn - go háirithe an tSín mar ar chuireamar béim ar an Scéim Víosa Briotanach Éireannach; agus sa Mheánoirthear, mar ar fógraíodh taisteal gan víosa go hÉireainn do na hÉimiríochtaí go luath sa bhliain 2018.

Choinníomar an fócas ar an dream le 'fiosracht chultúrtha' (margadh níos sine, ar mian leo dul go háiteanna nua), ar mó an seans go dtabharfaidh siad cuairt ar oileán na hÉireann. Dhíríomar freisin ar 'fuinnmheoirí sóisialta' (dream níos óige, tugtha don spraoi, ag súil le heachtraíocht in áit chorraitheach) agus 'Éalaitheoirí' (dream ar maith leo saoire faoin tuath, ag súil le héalú ón gcathair) i margaí le hionchas suntasach. Díríodh ar dheighleoga nideoige chomh maith - galfairí, agus cuairteoirí gnó agus dreasachta, chomh maith le bunadh na hÉireann sa Bhreatain, i Meiriceá Thuaidh agus san Astráil.

Cuireadh béim ar leith ar luach ar airgead sa Bhreatain, d'fhonn tionchar Brexit a mhaolú; agus chuireamar níos béime chomh maith ar dhaoine le 'fiosracht chultúrtha', nach gcuireann luaineacht airgeadra isteach an oiread sin orthu.

Nochtadh dhá phlean nua, le spriocanna dúshlánacha uiallmhianacha: 800,000 cuairteoir ón Ghearmáin agus 2 mhilliún cuairteoir ó Mheiriceá sa bhliain faoi 2021 - fás 20% don Ghearmáin agsu 23% do SAM. Rinne muid athbhreithniú ar mhargadh na Breataine chomh maith, i gcomhairliúcháin le comhpháirtithe tionscail ar oileán na hÉireann agus comhpháirtithe tábhachtacha i ngnó an taistil i Londain.

Bhain tábhacht ar leith leis meáin dhigiteacha agus shóisialta le bealaí nua le teacht ar ár spriocmhargaí a fhorbairt agus teagmháil a dhéanamh leo níos minice.

**Branda turasóireachta Oileán na hÉireann**

Spreagadh spéis i mbranda turasóireachta Oileán na hÉireann trí fheachtais poiblíochta do 'Sean-Oirthear na hÉireann', Bealach Cósta Chlochán an Aifir, Slí an Atlantaigh Fhiáin, Baile Átha Cliath agus Béal Feirste i rith na bliana 2018. Úsáideadh ardáin éagsúla leis na heispéiris seo a léiriú do na milliún a d'fhéadfadh teacht ar cuairt, ar an teilifís, i bhfógraíocht chlóite agus ar líne; ar Ireland.com agus trí na meáin shóisialta; ag aonaigh trádála móra idirnáisiúnta do thomhaltóirí agus lucht trádála ar nós ITB i mBeirlin agus an World Travel Market i Londain; trí chuairteanna cur in aithne; do ghníomhairí agus oibritheoirí taistil le tionchar, chomh maith le hiriseoirí taistil agus slí mhaireachtála agus blagairí as gach cearn den domhan; agus trí ábhar bolscaireachta Thurasóireacht Éireann.

**Poiblíocht thar Lear**

Is cuid thábhachtach dár gclár fógraíochta thar lear í an obair le meáin taistil, slí mhaireachtála agus sainspéise. In 2018, cruthaíodh na mílte deiseanna do chuairteoirí ionchasacha ar fud an domhain le teachtaireachtaí dearfa a léamh, a chloisteáil nó a fheiceáil faoi oileán na hÉireann.  Measann Turasóireacht Éireann gur fiú an phoiblíocht seo timpeall €330m/£297m, i luach coibhéiseach fógraíochta.

**Glasú Domhanda Lá Fhéile Pádraig**

Ba í 2018 an naoú bliain do thogra bliantúil Thurasóireacht Éireann, an Glasú Domhanda le haghaidh Lá Fhéile Pádraig agus bhí sé níos mó agus níos fearr ná riamh cheana - ghlac níos mó ná 304 foirgneamh agus suíomh suntasacha i 45gcathair agus 45 tír páirt, gineadh poiblíocht shuntasach dhearfa, le luach níos mó ná €10m/£9m, d'oileán na hÉireann ar fud an domhain. In 2018, cuireadh an Luxur Obélisque i bPáras, stáid San Mamés i mBilbao, ceanncheathrú NA i Nua Eabhroc, An Músaem Palaistíneach in Ramallah (deartha ag ailtirí Bhaile Cliath Heneghan Peng), Ionad Cineama Busan sa Chóiré Theas agus Droichead an Ghobharnóra Mario M. Cuomo i Nua Eabhroc leis an Ghlasú Domhanda den chéad uair.

**An Turasóireacht á Spreagadh ag an Scáileáin**
Bhain Turasóireacht Éireann leas as cáil dhomhanda Star Wars agus Game of Thrones agus a gceangal le hÉirinn agus le Tuaisceart Éireann i rith na bliana 2018.

Sheol Turasóireacht Éireann an chéim dheireannach dá fheachtas Star Wars go luath in 2018, ag díriú ar lucht leanúna an tsaincheadúnais ficsean eolaíochta ar fud an domhain. Sa scannán nua, a chruthaigh Turasóireacht Éireann le ról suntasach na hÉireann in The Last Jedi, Star Wars, mhol Mark Hamill, nó Luke Skywalker mar is fearr aithne air, áilleacht na hÉireann. "Ba mhór an pléisiúr é dúinn go léir teacht ar ais go hÉirinn, mar nach bhfuil sárú a háilleachta ar fáil. Nuair a éiríonn tú ar maidin feiceann tú tírdhreach chomh hiontach gur cosúil le héifeacht speisialta é." Craoladh an feachtas i 15 margadh - An Bhreatain, SAM, Ceanada, An Ghearmáin, An Fhrainc, An Spáinn, An Iodáil, An Ísiltír, An Bheilg, an réigiún Nordach, An Astráil, An Nua-Shéalainn, An tSeapáin, An India agus GCC.  Fágadh 70 rian ar chainéil shóisialta agus 2.7 amharc físeáin.

**Rochtain**
Is gné chriticiúil í an rochtain, ní hamháin ó thaobh líon na gcuairteoirí agus an ioncaim turasóireachta, ach chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar an turasóireacht iasacht chuig na réigiúin agus go Tuaisceart Éireann. Bliain shuntasach eile ba ea 2018 ó thaobh rochtana: i measc na bhforbairtí suntasacha bhí eitils nua Cathay Pacific ó Hong Cong go Baile Átha Cliath, an chéad eitilt riamh go hÉirinn ó réigiun an Aigéin Chiúin den Áise; agus eitilt nua Hainan Airlines ó Beijing go Baile Átha Cliath. I measc na seirbhísí nua bhí eitiltí Aer Lingus ó Seattle agus Philadelphia; seirbhísí Air Canada idir Toronto agus an tSionnain agus ó Montreal go Baile Átha Cliath; eitiltí nua Ryanair ó Bristol agus Liverpool go dtí an tSionnain agus eitiltí breise Ryanair ó Manchester go dtí an tSionnain; eitilt nua Air France ó Pháras go Corcaigh; agus eitilt nua Icelandair ó Reykjavik go Baile Átha Cliath.

Meastar go raibh níos mó ná 591,000 suíochán aontreo díreacha go hoileán na hÉireann ar fáil gach seachtain i rith an tsamhraidh 2018, curiarracht é seo le méadú 4% ar acmhainn ó shamhradh na bliana 2017. Bhí timpeall dhá thriain de na suíocháin aerlíne aontreo go hoileán na hÉireann ar fáil ón dá phríomh-aerlíne atá ag feidhmiú ar oileán na hÉireann, Ryanair agus Aer Lingus. Rinne clár cómhargaíochta Thurasóireacht Éireann le hiompróirí aeir agus farraige, agus le comhpháirtithe thionscal an taistil, infheistíocht €7.4m/£6.7m i bhfeachtais margaíochta in 2018,, agus fuarthas tacaíocht shuntasach dá réir ón earnáil tráchtála.

Is maith an tuar do turasóireacht ón iasacht na seirbhísí nua atá fógartha do 2019. Ina measc tá eitiltí Aer Lingus ó Minneapolis agus Montreal; eitilt nua American Airlines ó Dallas; agus eitilt nua Norwegian ó Hamilton (Ontario); chomh maith le seirbhísí nua Ryanair idir Cologne agus Cnoc Mhuire agus idir East Midlands agus an tSionnain. Agus beidh an bád farantóireachta nua de chuid Irish Ferries, an WB Yeats, ag seoladh idir Cherbourg agus Baile Átha Cliath ó lá mhí Mhárta.

**Margaíocht Dhigiteach agus na Meáin Shóisialta**
Mhéadaigh Turasóireacht Éireann a láithreacht ar líne go leanúnach, le 4.3 milliún de lucht leanúna ar Facebook faoi dheireadh na bliana. Agus seo á scríobh, is í an eagraíocht an ceathrú bord turasóireachta is mó éilimh ar domhan ar Facebook, uimhir a ceathair ar Twitter agus uimhir a ceathair ar YouTube Mheall ár suíomh gréasáin, Ireland.com, 20.3 milliún cuairteoir uathúil in 2018.

**Clúdach réigiúnach agus séasúrach**
Bhí Turasóireacht Éireann ag obair le tionsnóirí turais, iompróirí aeir agus farraige, aerfoirt agus calafoirt, l cuairteoirí a scaipeadh níos mó trí réigiúin na hÉireann agus i rith na bliana go léir, le béim ar Éirinn mar cheann scríbe gualainne agus seachbhuaice. Tugadh poiblíocht chomh maith dár gclár bliana féilte agus imeachtaí, saoire i gcarr, saoire ghearr agus sosanna cathrach.

**Buaicphointí Eile**
I measc na mbuaicphointí in 2018 bhí an misean díolúcháin ba mhó riamh ag Turasóireacht Éireann chun na Síne, le 29 ionadaí sinsir ó 24 fiontar turasóireacht as oileán uile na hÉireann páirteach i misean spriocdhírithe go Beijing, Shanghai, Guangzhou, agus Hong Cong; ár gcéad misean díolacháin go Qatar; misean díolacháin chun na hAstráile agus na Nua Shéalainne; agus splancdhíolacháin ar fud na Stáit Aontaithe - i Houston, Tampa, Atlanta, Boston, Chicago agus Seattle, Los Angeles, Silicon Valley agus Orange County. Tiomsaíodh togra nua 'Iontaisí Shlí an Atlantaidh Fhiáin' sa Bhreatain, dírithe go speisialta ar lucht saoire a mhealladh chuig Slí an Atlanaigh Fhiáin sna míonna as-séasúir. Shroich an togra timpeall 10 milliún duine, le béim ar rochtain éasca ó chathracha geata na Breataine chuig aerfoirt Chorcaí, Chiarraí, na Sionnaine, Chnoc Mhuire, Dhún na nGall agus aerfort Chathair Dhoire. Seoladh an feachtas i dhá chuid: bhí céim a haon i míonna Feabhra agus Mhárta agus céim a dó i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair. Thug cuairt Diúc agus Bhandiúc Sussex i rith an tsamhraidh deis uathúil dúinn a chur ina luí ar lucht saoire sa mhargadh turasóireachta is mó atá againn teacht ar cuairt ar Éirinn. Thiomsaigh Turasóireacht Éireann clár imeachtaí le daoine a spreagadh le teacht agus coiscéimeanna an lánúin ríoga a leanúint, le teachtaireachtaí a chuir béim ar fháilte agus ar chairdiúlacht, agus ar spraíúlacht na hÉireann. Sa bhfómhar, d'oibríomar leis an láithreoir teilifíse agus raidió Angela Scanlon sa Bhreatin, ar shraith físeán dár teideal "On the Road with Angela Scanlon". Bhain na físeáin le saoire tiomána ar fud oileán na hÉireann agus chonaic timpeall 123,000 duine ar fud na Breataine iad.

**Rialachas**
Bhí naoi gcruinniú ag an mBord le linn 2018, agus bhí deis ag comhaltaí an Bhoird bualadh le hionadaithe áitiúla turasóireachta sna hionaid éagsúla ar fud an oileáin inar tionóladh iad, lena n-áirítear Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Corcaigh, Doire agus Áth Dara a thug deis do na baill bualadh le hionadaithe áitiúla an tionscail agus cuairt a thabhairt ar ionaid ar nós músaem Saor-Dhoire agus 14 Sráid Henrietta i mBaile Átha Cliath.

I measc na n-ábhar a phléigh an Bord i rith na bliana bhí athlonnú oifig Bhaile Átha Cliath; faomhadh na ndréachtchuntas do 2017; agus faomhadh an Phlean Gnó 2019.

Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht ghnó, lena n-áirítear anailís ar thorthaí infheistíochta Thurasóireacht Éireann sa mhargaíocht. Rinneadh cur i láthair faoi ghníomhaíochtaí margaíochta sa Bhreatain agus ar Mhór-roinn na hEorpa, chomh maith le faisnéis a thabhairt faoi athbhreithniú na margaí sa Ghearmáin agus i SAM. I rith 2018 fuarthas tuarascálacha ó na Coistí Bainistiú Riosca agus Luach Saothair ar ábhair éagsúla lena n-áirítear athbhreithniú ar fheidhmíocht na bainistíochta sinsear agus torthaí sásúla a d'eascair as an gclár inmheánach iniúchta.

**Buíochas**

Táimid fíorbhuíoch as an tacaíocht leanúnach a fuair Turasóireacht Éireann ó lucht rialtais dhá dhlínse an oileáin agus ár nAirí, Shane Ross TD, Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus Brendan Griffin TD, Aire Stáit Turasóireacht agus Spóirt. Bhí na hAirí fial lena gcuid ama agus ghlac siad páirt in imeachtaí éagsúla, lena n-áirítear cuairteanna torthúla chuig margaí thar lear le haghaidh mórimeachtaí poiblíochta i rith na bliana. Táimid buíoch freisin do na hoifigigh sa dá roinn agus dóibh sin i gComhairle na hAirí Thuaidh/Theas agus as an tacaíocht agus don chomhairle a thugann siad i gcónaí.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin lenár gcomhpháirtithe sa tionscal turasóireachta a bhí ag obair linn le taithí saoire oileán na hÉireann a thabhairt chun beatha do lucht saoire ionchasacha ag feachtais phoiblíochta ar fud an domhain. Gabhaimid buíochas freisin le baill an Lárghrúpa Comhpháirtíochta Margaíochta agus le baill na nGrúpaí Margaíochta thar lear, le bail na ngrúpaí stiúrtha don athbhreithniú ar an mBreatain, a bhí chomh fial lena gcuid ama agus iad ag obair linn i rith na bliana 2018.

Is luachmhar an comhoibriú a fhaighimid go leanúnach ónár gcomhghleacaithe i Fáilte Éireann agus i Tourism NI, agus ó Chónaidhm Tionscal Turasóireachta na hÉireann agus Aontas Turasóireachta Thuaisceart Éireann, i ngach gné dár gcuid oibre. D'oibrigh foireann Thurasóireacht Éireann go dícheallach sa bhaile agus i gcéin chun íomhá dhearfa d'oileán na hÉireann a chur chun cinn. Táimid an-bhródúil i gcónaí as a ndílseacht, a dtiomantas, a gcuid fuinnimh agus a nuáil agus iad ag obair ar son an tionscail.

**Ag Breathnú Romhainn**

Is é croí na straitéise ag Turasóireacht Éireann do 2019 tógáil ar rath na bliana 2018 agus an fás a bhuanú sna blianta romhainn. Tar éis don turasóireacht ón iasacht a bheith ag fás le ocht mbliana anuas go leanúnach, tá sé d'aidhm againn cur-iarracht feidhmíochta 2018 a shárú, líon na gcuairteoirí a fhás go 11.67 milliún (+4%), agus an t-ioncam as turasóireacht iasachta a mhéadú go €6.5 billiún (+6%) in 2019, don eacnamaíocht ó thuaidh agus ó dheas. Tá sé d'aidhm againn ceann scríbe 'riachtanach' a dhéanamh d'Oileán na hÉireann i rith na bliana ar fad, agus a chinntiú go mbeidh ionchur na turasóireachta sa gheilleagar ag síormhéadú.

Beidh ár bhfeachtas nua domhanda - 'Líon do Chroí le hÉirinn' - á sheoladh i níos mó ná 20 margadh ar fud na cruinne. Cuirfear fógraí sa teilifís, sa chineama, i gcló, allamuigh agus ar líne, agus cuirfear inneachar in ardáin shóisialta. Díreofar ar ionad nach dtugtar cuairt orthu an oiread le háiteanna eile agus déanfar iarracht cuairteoirí a mhealladh i rith

na bliana uile. Beidh an inbhuanaitheacht mar fhocal faire ag Turasóireacht Éireann in 2019 agus ina dhiaidh. Cuirfear béim níos mó ar fhás a thiomáint chuig ionaid nach dtugtar cuairt chomh minic orthu, agus ar ghnó a thiomáint sna séasúir gualainne agus as-buaic.

Déanfar athfhorbairt ar shuímh gréasáin uile Ireland.com, d'fhonn a chinntiú go mbeidh ár margaíocht dhigiteach ar bharr an ranga sna 2020í. Leis an teicneolaíocht nua beidh Turasóireacht Éireann in ann teachtaireachtaí pearsanaithe agus tairiscintí a chur chuig cuairteoirí agus cuairteoirí ionchasacha, ag díriú ar na spéiseanna ar leith atá acu. Beidh ár straitéisí do na margaí i SAM, sa Ghearmáin, sna margaí nua agus i margadh na Breataine á bhfeidhmiú againn i gcomhthéacs thogra Éire Dhomhanda 2025 Rialtas na hÉireann
Leis seo beidh ár n-oibríochtaí á leathnú amach againn sa tSáin - le ionadaithe nua i Hong Cong - agus méadóimid ár ngníomhaíocht i SAM agus i gCeanada, agus i margaí nua ar nós na Seapáine (go háirithe le linn Corn an Domhain sa Rugbaí).

Beidh deiseanna aon uaire ag Turasóireacht Éireann Tuaisceart  Éireann a chur i láthair ar fud an domhain in 2019. Beidh an tsraith dheiridh de Game of Thrones, a chraolfar san earrach, ina measc. Beidh clár leitheadach gníomhaíochta ar bun ag Turasóireacht Éireann leis an leas is mó is féidir a bhaint as Game of Thrones, ag comhoibriú go dlúth le HBO agus Tourism NI. Cuirfear tús le feachtas nua le linn na sraithe deireanaí, le béim ar Thuaisceart Éireann mar 'Chríocha Game of Thrones' don lucht leanúna ar fud an domhain; agus beidh ionaid turasóireachta nua oidhreachta HBO á gcur chun cinn ag Turasóireacht Éireann. Tapóidh Turasóireacht Éireann gach deis chomh maith le poiblíocht a thabhairt don 148th Open sa Royal Portrush. Úsáidfear an ghníomhaíocht fógraíochta leis na daoine a bheidh ag freastal ar an gcomórtas síneadh a chur lena seal i dTuaisceart Éireann agus cuirfear béim ar Thuaisceart Éireann mar óstach d'imeachtaí domhanta agus dá réir sin, mar cheann scríbe iontach don ghalf agus do na laethanta saoire.

In 2019, déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbeidh oileán na hÉireann ag 'seasamh amach', le béim ar éispéiris eisceachtúla ar nós Slí an Atlantaigh Fhiáin, Bealach Chósta an Aifir, Sean-Oirthear Éireann agus Titanic Belfast do thomhaltóirí ar fud an domhain. Tabharfar aird ar leith ar Bhéal Feirste agus ar Bhaile Átha Cliath, le haghaidh taistil seachbhuaice go háirithe. Beidh gach deis á thapú againn freisin le leas a bhaint as cáil dhomhanda Star Wars agus Game of Thrones agus a gceangal le hÉirinn agus le Tuaisceart Éireann.

Díreoidh Turasóireacht Éirann an infheistíocht ar bhonn ionchas margaidh agus leanfar ar aghaidh leis an straitéis éagsúlú margaidh a chur i bhfeidhm. Leanfar ar aghaidh le huasmhéadú an ioncam saoire trí infheistíocht ar mhór-roinn na hEorpa agus i Meiriceá Thuaidh. Déanfaimid barrfheabhsú ar ár n-infheistíocht san Astráil agus i margaí ardionchais atá ag teacht chun cinn, An tSín san áireamh.

Beidh dúshláin go leor ann in 2019 - go háirithe Brexit, ar dócha go mbeidh an-tionchar leanúnach aige ar mhuinín na dtomhaltóirí agus ar thaisteal amach chuig a lán cinn scríbe ón mBreatain, oileán na hÉireann ina measc. Beidh iomaíochas agus luach ar

airgead mar phríomhtheachtaireacht i gcónaí againn sa Bhreatain agus in áiteanna eile. Mar gurb í an Bhreatain ár gcomharsa béal dorais, agus go bhfuil sí ar cheann den cheithre mhargadh is tábhachtaí atá againn don turasóireacht ón iasacht, beidh tús áite aici dúinn i gcónaí. I measc na ndúshlán eile tá neamhchinnteacht gheo-pholaitiúil agus eacnamaíoch, chomh maith leis an ionchas go mbeidh boilsciú ar phraghas na hola. Leis na dúshláin seo, níos mó ná riamh, tá sé riachtanach infheistiú i gcláir margaíochta i rith na bliana, chomh maith le taighde a dhéanamh le rúin taistil na dtomhaltóirí a thuiscint. Leanfaidh Turasóireacht Éireann ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe sa tionscail le béim a chur ar chomh héasca is atá sé teacht chuig oileán na hÉireann, agus na rudaí iontacha atá le feiceáil agus le déanamh anseo.

I measc na dtosca tábhachtacha atá ag obair chun ár leasa do 2019 tá forbairtí nua rochtana; agus neart buan 'bhranda' nó íomhá na hÉireann thar lear. I measc nithe dearfa eile tá neart Thurasóireacht Éireann sna meáin dhigiteacha agus shóisialta. Tá ár dtairiscint á neartú thar sáile le hinfheistíocht leanúnach sa táirge - go háirithe an infheistíocht in eispéiris ar nós Slí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirthear Éireann, Titanic Belfast, agus Croíthailte Fholaithe na hÉireann. Tá gach duine i dTurasóireacht Éireann ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe sa tionscal, le tógáil ar na deiseanna iomadúla iontacha a bheidh ann sa bhliain atá romhainn.

| | |
|---|---|
| Joan O’Shaughnessy | Niall Gibbons |
| *Cathaoirleach* | *Príomhfheidhmeannach* |

## BORD THURASÓIREACHT ÉIREANN

Cathaoirleach
**Joan Ó Shaughnessy**
Ceannaire agus ionadaí sa tionscal seirbhíse le 39 mbliana. Bhí Joan ina POF ar Aramark Ireland, post a bhí aici ar feadh níos mó ná 12 bliain, go dtí gur éirigh sí as i mí Mheithimh 2012.. I rith an ama sin, neartaigh sí eagraíocht Aramark trí chumaisc agus sealbhuithe ionas go raibh sé ar cheann de na cuideachtaí ilnáisiúnta Meiriceánacha ba mhó in Éirinn, le níos mó ná 4,000 fostaithe ar fud na hÉireann. Is meantóir gnó í Joan faoi láthair do chuideachtaí nuathionscanta agus d'fhiontrálaithe óga. Is ball í den Institute of Directors, Irish Hospitality Institute agus Skål Ireland.

Leas-Chathaoirleach
**Christopher Brooke**
Tá Christopher Brooke ag obair sa tionscal slándála le blianta fada, deich mbliana díobh mar chomhairleoir slándála leis an Oifig Ríoga i Muscat, Sabhdánacht Ómain. In 1990, d'fhill sé ar Thuaisceart Éireann le hEastát Chaisleán Galgorm a fhorbairt, áit a mbíonn comórtas Oscailte Galf Thuaisceart Éireann ó 2012 i leith. Tagann 240,000 duine chuig an eastát gach bliain faoi láthair agus tá ionad garraíodóireachta, gnólanna agus saoráid comhdhála agus imeachtaí ann chomh maith. I measc spéiseanna eile Christophe tá forbairt ar chothabháil turasóireachta agus áiseanna gaolmhara ar eastáit Ashbrooke agus Colebrooke. Tá sé ina chomhpháirtí in SB Vantage (cuideachta a chuireann comhairle tráchtála agus slándála ar fáil do chuideachtaí agus daoine atá ag feidhmiú Ómán agus sa tSómáil), tá sé ina Leas Leifteanant do Chontae Aontroma agus ina Leas-Uachtarán ar an RNLI.

**Trevor Clarke**
Is céimí i mbainistíocht fáilteachais é Trevor Clarke as Ollscoil Uladh.
Tá 25 bliain caite aige ag obair sa tionscal fáilteachais, 20 díobh i bpoist éagsúla in Óstán Magherabuoy i bPort Rois, mar chomhpháirtí-oibritheoir le déanaí. Bhí Trevor ina bhall de Ghrúpa Athbheochana Phort Rois ó 2010 go 2014, nuair a toghadh é ar Chomhairle Chósta an Aifir agus na nGleann. Tá spéis ar leith aige i ról na comhairle i bhforbairt na turasóireachta ar Chósta an Aifir agus sa chumas atá sa tionscal athbheochan, fás eacnamaíoch agus rathúnas a chur chun cinn. Tá Trevor ina chomhalta ar Choimisiún Cuain Chúil Raithin agus ina ionadaí ar choiste comhairleach áitiúil an Honourable Irish Society.

**Harry Connolly**
Stiúrthóir Feidhmeannach Fáilte Feirste Thiar, gníomhaireacht forbartha turasóireachta áitiúil a dhéanann forbairt ar thurasóireacht in Iarthar Bhéal Feirste agus ar bhonneagar inbhuanaithe turasóireachta. Sular thosaigh sé ag obair i bhforbairt na turasóireachta, bhí Harry ag obair ar feadh roinnt blianta i gcúrsaí óige, spóirt agus forbairt phobail i mórcheantar Bhéal Feirste. Bhí sé tráth ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhpháirtíocht Póilíneachta agus Sábháilteacht Phobail Iarthar Bhéal Feirste (DPCSP). Ina stiúrthóir faoi láthair ar Visit Belfast, an comhlacht poiblí/príobháideach atá freagrach margaíocht a dhéanamh ar  Bhéal Feirste mar cheann scríbe turasóireachta. Bhí Harry ina chomhalta boird de Fhéile an Phobail, an fhéile ealaíon pobail is mó in Éirinn, ar feadh roinnt blianta agus tá sé ina Chisteoir air faoi láthair. Faoi threoir Harry, tá cáil ar thurasóireachta Iarthar Bhéal Feirste mar shamhail den chleachtas éifeachtúíl, ó thaobh samhlacha turasóireachta a fhorbairt a spreagann cruthú post agus inmharthanacht ag an leibhéal áitiúíl, le bheith cinnte go mbainfidh saoránaigh áitiúla leas as an méadú i líon na dturasóirí.

**Graham Keddie**
Tá Graham Keddie ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aerfort Idirnáisiúnta Bhéal Feirste. Tá 30 bliain caite aige sa tionscal eitlíochta, i róil aerlíne, aerphoirt agus láimhdeachas talún. Bhí Graham ag obair in 11 tír éagsúil san Áise, san Afraic, san Eoraip agus sa Mheánoirthear. Roimh dhul isteach sa tionscal eitlíochta, bhí Graham ina aturnae, le cáilíocht aige as Albain. Tá sé ina stiúrthóir freisin ar Chumann na nOibritheoirí Aerfort.

**John McGrillen**
Tá John McGrillen ina Phríomhfheidhmeannach Turasóireachta ar Tourism NI, údarás forbartha turasóireachta Thuaisceart Éireann. Ceapadh sa phost é i mí Iúil 2015, tar éis dó tréimhse fada a chaitheamh i bhforbairt eacnamaíochta agus i rialtas áitiúil. Sular ceapadh é ar Tourism NI, bhí sé ina Stiúrthóir Forbartha i gComhairle Cathrach Bhéal Feirste, mar a raibh sé freagrach as forbairt eacnamaíochta, athbheochan agus turasóireacht sa chathair. Ó 1999 go 2010, bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ag Comhairle Ceantair an Dúin. Thosaigh sé ag obair mar innealtóir aerspáis roimh dhul i mbun oibríochtaí IDB Northern Ireland in Düsseldorf, An Ghearmáin, agus ina dhiaidh sin, ina Phríomhfheidhmeannach ar NI-CO, gnó comhairleach forbartha idirnáisiúnta atá lonnaithe i mBéal Feirste. Tá sé ina Ghobharnóir ar Choláiste Cathrach Bhéal Feirste ó 2012.

**David O’Brien**
Ceapadh David O'Brien ina Príomhoifigeach Tráchtála i Ryanair i mí Eanáir 2014, tar éis dó freastal mar Stiúrthóir Oibriúcháin Eitilte agus Talún ó mhí na Nollag 2002.  Is céimí é de Choláiste Míleata na hÉireann, bhí saol gairmiúil míleata aige, le poist san earnáil aerfoirt agus gnó talmhaíochta sa Mheán-Oirthear, sa Rúis agus san Áise.

**Michael O’Sullivan**
Is Gníomhaí Cairte Timpeallachta (CEnv) é Michael O'Sullivan, lánchomhalta de Institiúid Measúnú Bainistíochta Timpeallachta (MIEMA). Tá cáilíochta eolaíochta, innealtóireachta agus dlí aige agus bhí sé ag obair mar stiúrthóir tionscadail ar mhórthionscadail ildisciplíneacha caomhnaithe agus bainistíocht bonneagar comhshaoil ar fud na hÉireann le 30 bliain anuas. Tá comhairle comhshaoil agus pleanála tugtha ag Michael don tionscal agus don rialtas ar aon. Ba é a bhí ina eagarthóir ar an chéad lámhleabhar Measúnú Tionchar Comhshaoil in Éirinn in 1990.

**Kathryn Thomson**
Tá Kathryn Thomson ina Príomhfheidhmeannach ar National Museums NI ó mhí Mhárta 2016. Díreach roimhe sin, chaith Kathryn 11 bliain mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin ag Tourism NI. Tá B.Com (On) ag Kathryn i Staidéar Gnó ó Ollscoil Dhún Éadainn, chríochnaigh sé a hoiliúint mar chuntasóir ag PwC agus tá cáilíocht ghairmiúil aice mar chuntasóir cairte leis an Chartered Institute of Public Finance and Accountancy (CIPFA) Bhí ceapachán poiblí ag Kathryn mar Stiúrthóir ar an mBord Straitéiseach Infheistíochta agus tá sí ina Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach ar Visit Belfast. Tá sí ina stiúrthóir agus ina iontaobhaí freisin ar bhord dhá charthanachta - Clann Síomóin (ó Dheireadh Fómhair 2010) agus Open House Festival (ó Nollaig 2014).

**COMHALTAÍ AINMNITHE BOIRD**

**Trevor White**
Stiúrthóir an Little Museum i mBaile Átha Cliath, agus City of a Thousand Welcomes is ea Trevor White. Rugadh é in 1972, bhunaigh sé an irish The Dubliner agus bhí sé ina eagarthóir ar an eolaí bialainne is mó ráchairt in Éirinn, The Dubliner 100 Best Restaurants, ar feadh na mblianta.

**Nóirín Hegarty**
Leas-Uachtarán, Inneachar Digiteach agus Stiúrthóír Oibríochtaí, Éire, le Lonely Planet, príomhchuideachta meáin taistil an domhain.
Cuideachta Mar bhall den bhfoireann ceannaireachta, chum sí agus sheoil sí straitéis nua inneachair digitigh don ghnó agus bíonn foirne atá bunaithe i Nashville, Nua Eabhroc agus Baile Átha Cliath á mbainistiú aici. Chuaigh sí leis an ghnó i Londain, mar a raibh foireann a bhainistigh os cionn 250 scríbhneoir in 46 tír faoina ceannas. D'fhill sí ar Bhaile Átha Cliath in 2015 le Lonely Planet Global Limited a oscailt, ceann d'oifigí domhanda Lonely Planet, mar ar bhunaigh sí géag nuachta laethúil taistil don ghnó. Roimhe seo, bhí sí ina hEagarthóir ar an Sunday Tribune, nuachtán Éireannach a bhuaigh gradaim, agus ina hEagarthóir ar independent.ie, príomhláthair gréasáin nuachta na hÉireann.

**Paul Kelly**
Príomhfheidhmeannach Fáilte Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Tá Paul i mbun Fáilte Éireann agus é ag tógáil ar an rath atá ar bhrandaí agus ar thograí lena n-áirítear Slí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirthear na hÉireann, Baile Átha Cliath agus Croí-cheantair Fholaithe Éireann. Ba é a leag amach an treo straitéiseach do Fháilte Éireann le forbairt thionscal na turasóireachta a threorú; agus mar phríomhthosaíochtaí tá fás cothrom inbhuanaithe réigiúnach agus séasrúrach a thiomáint le fostaíocht a mhéadú agus tairbhe an tionscail don eacnamaíocht náisiúnta a mhéadú. Ceapadh Paul sa phost i mí Feabhra 2017 agus tá taithí leitheadach bainistíochta agus margaíochta aige tar éis seal fada a chaitheamh sa ghairm margaíochta. Is as Loch Garman dó ó dhúchas agus tá céim sa tráchtáil aige ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath. Sular ceapadh é, chuir sé tús lena shaol gairmiúil le Procter & Gamble UK; chuaigh sé ar aghaidh ansin go poist fheidhmeannacha le Diageo Ireland, Aviva agus Scoil Ghnó Smurfit UCD. Le linn a shaoil ghairmiúil, bhí sé páirteach i bhforbairt go leor de na feachtais margaíochta Éireannacha agus idirnáisiúnta is mó clú.

# TURASÓIREACHT ÉIREANN
# TUARASCÁIL AGUS RÁITEAS AIRGEADAIS

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

Clár

Faisnéis faoin gCuideachta 16

Tuarascáil na Stiúrthóirí 17

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí 21

Tuarascáil Luach Saothair 22

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach / Ráiteas Rialála 23

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 24

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais 23

Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim 23

Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais 27

Ráiteas Maidir le hAthruithe i gCothromas 28

Ráiteas Sreafaí Airgid 29

Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta 30

Nótaí do na Ráitis Airgeadais 32

**Faisnéis faoin gCuideachta**

**Stiúrthóirí**
Joan O'Shaughnessy *Cathaoirleach*

Christopher Brooke (Leas-Chathaoirleach)

Trevor Clarke
Harry Connolly
Graham Keddie
John McGrillen
David O'Brien
Michael O'Sullivan
Kathryn Thomson
Trevor White

**Príomhfheidhmeannach**
Niall Gibbons

**Rúnaí**
Shane Clarke

**Oifig Chláraithe**
5ú Urlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2

**Seoltaí Gnó**
5ú Urlár
Cearnóg an Easpaig
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2

Beresford House
2 Beresford Road
Cúil Raithin
BT52 1GE

**Iniúchóirí**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
(Poblacht na hÉireann)
34 Sráid an Mhéara
Baile Átha Cliath 1

**Príomh-Bhaincéirí**
Bainc Aontas Éireann cpt
37/38 Sráid Uí Chonaill Uachtar
Baile Átha Cliath 1

**Aturnaetha**
Byrne Wallace
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Tughans
Marlborough House
30 Victoria Street
Béal Feirste
BT1 3GS

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

**Stair Achomair agus Cúlra Reachtúil na Cuideachta**
Bhunaigh Rialtas na hÉireann agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann, faoi choimirce na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (NSMC), Turasóireacht Éireann CTR le bheith ina ghéag margaíochta don turasóireacht thar lear d'oileán na hÉireann agus corpraíodh é ar an 11 Nollaig 2000 mar Chuideachta Teoranta ag Ráthaíocht gan Scairchaipiteal. Tógann an chuideachta treoir beartais ón NSMC agus coinníonn sé dlúthchaidreamh oibre lena chomhaltaí bunaigh, agus a bhaill reatha, Fáilte Éireann (FI) agus Tourism Northern Ireland (TNI). Is iad príomhchuspóirí na Cuideachta an turasóireacht go hoileán na hÉireann a mhéadú agus tacaíocht a thabhairt do Thuaisceart Éireann lena chumas turasóireachta a bhaint amach. Tá an chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais faofa ag an NSMC agus ullmhaíonn sí Pleananna Corparáideacha trí bliana agus Plean Oibriúcháin aon-bhliana mar threoir dá cuid gníomhaíochtaí. Faigheann an chuideachta maoiniú ón dá dhlínse agus íoctar na deontais seo amach trí FI agus TNI. Ceapann an NSMC bord stiúrthóirí go ceann tréimhse ceithre bliana de ghnáth.

**Formáid na Ráitis Airgeadais**
Ullmhaíodh na cuntais i bhformáid a cinntíodh ag Acht na gCuideachtaí 2014 (Poblacht na hÉireann). Is é an euro (€) bunairgeadra na ráitis airgeadais. Tá na torthaí euro aistrithe go Sterling (STG£) ag an ráta deiridh ar ionann STG£1 agus €1.11791 (2017:: STG£ cothrom le €1.12714) don Ráiteas Maidir le Seasamh Airgeadais agus ag meánráta bliantúil de €1.13011 (2017: STG£1 cothrom le €1.14090) don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**Leabhair Chuntais**
D'fhonn a chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaíochta chuí de réir Alt 281 agus 282 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá pearsanra leis na cáilíochtaí cuí cuntasaíochta fostaithe ag na Stiúrthóirí agus tá córais chuntasaíochta chuí ar ríomhairí á gcothabháil acu. Tá na leabhair chuntais lonnaithe in oifig na Cuideachta ag Cearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath.

**Príomhghníomhaíochtaí**
Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta dearadh agus feidhmiú na gclár margaíochta do na príomh-mhargaí thar lear d'fhonn tionscal turasóireachta oileán na hÉireann a chur chun cinn, de réir na cuspóirí atá leagtha amach thuas.

**Iniúchóirí Seachtracha**
Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann a dhéanann iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais. Tá lánrochtain ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste do Thuaisceart Éireann ar pháipéir oibre an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i bPoblacht na hÉireann, agus bunaithe air sin is féidir tuarascáil a chur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann.

**Torthaí**
Bhí an tEasnamh Ioncaim thar Caiteachas don bhliain cothrom le €1,308,051 (STG £1,157,455).

**Rialachas corparáideach**
Tá an Chuideachta á rialú ag a Meabhrán agus a hAirteagail Chomhlachais agus ag an Meabhrán Airgeadais atá faofa ag an NSMC. Tá Bord Stiúrthóirí neamhfheidhmeannach aici atá ceaptha ag an NSMC lena n-áirítear ionadaithe ón tionscal turasóireachta i dTuaisceart Éireann, an tionscal turasóireachta sa Deisceart, TNI agus Fáilte Éireann. Ceaptar stiúrthóirí ar feadh tréimhse ceithre bliana de ghnáth. Beidh deireadh ag teacht le téarma reatha na mball ceaptha ó dhlínse an deiscirt i mí na Nollag 2019 agus beidh deireadh le téarma na mball ceaptha ó dhlínse an tuaiscirt i mí na Nollag 2021.

Aontaíonn an Bord sceideal cruinnithe le tionól i ngach bliain féilire. Faigheann Comhaltaí an Bhoird páipéir iomlána an bhoird roimh gach cruinniú; áirítear sna páipéir seo tuarascáil airgeadais agus tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach agus ó gach Stiúrthóir Roinne sa Chuideachta. Is féidir le comhaltaí an Bhoird, mar chabhair dá ndualgais, comhairle neamhspleách gairmiúil a ghlacadh de réir mar is gá, ar chostas na Cuideachta. Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta.

Tionóladh naoi gcruinniú Boird i rith na bliana 2017 agus mar seo a leanas a bhí an freastal:

| | Líon na gcruinnithe a bhféadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Joan O'Shaughnessy (Cathaoirleach) | 9 | 9 |
| Christopher Brooke (Leas-Chathaoirleach) | 9 | 9 |
| Trevor Clarke | 9 | 6 |
| Harry Connolly | 9 | 7 |
| Graham Keddie | 9 | 4 |
| John McGrillen | 9 | 8 |
| David O'Brien | 9 | 7 |
| Michael O'Sullivan | 9 | 7 |
| Kathryn Thomson | 9 | 8 |
| Trevor White | 9 | 9 |

Bíonn an Bord ag feidhmiú trí na fochoistí seo a leanas chomh maith:

**Coiste Iniúchóireachta agus Árachas Riosca**
Tá ceathrar Stiúrthóir ar an bhfochoiste seo a thagann le chéile go ráithiúil le timpeallacht inmheánach rialaithe na Cuideachta a athbhreithniú agus a phlé. Tá siad faoi threoir ag Clár Riosca na cuideachta a úsáidtear chun clár oibre a leagan amach don fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, agus tuairiscíonn siad go díreach ar ais chuig an gcoiste seo. Tá lánrochtain neamhshrianta ag na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha ar an gcoiste.

Sa tábla seo a leanas leagtar amach comhdhéanamh agus tinreamh na gcruinnithe Coiste Iniúchóireachta agus Bainistiú Riosca i rith na bliana 2018:

| | Líon na gcruinnithe a bhféadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| David O'Brien (Cathaoirleach) | 4 | 4 |
| Kathryn Thomson (Leas-Chathaoirleach) | 4 | 4 |
| Harry Connolly | 4 | 4 |
| Michael O'Sullivan | 4 | 4 |

An Coiste Luach Saothair

Tá ceathrar Stiúrthóir ar an bhFochoiste seo  agus tagann siad le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht leibhéil luach saothar na Cuideachta agus ar théarmaí agus ar choinníollacha eile fostaíochta na bhfeidhmeannach sinsearacha.

Tá comhdhéanamh agus freastal chruinnithe an Choiste Luach Saothair i rith 2018 ar fáil sa tábla a leanas:

| | Líon na gcruinnithe a bhféadfaí freastal orthu | Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Christopher Brooke (Cathaoirleach) | 1 | 1 |
| Joan O'Shaughnessy (Leas-Chathaoirleach) | 1 | 1 |
| Graham Keddie | 1 | 1 |
| Trevor White | 1 | 1 |

Glacann an Bord lena fhreagracht i leith rialú inmheánach na Cuideachta agus leagann sé amach a staid siúd ar bhonn níos mionsonraithe sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí agus um Rialú Inmheánach Airgeadais.

**Iar-Ráiteas Maidir le Teagmhais Seasamh Airgeadais**

Ní raibh teagmhas  ar bith a bhí ann tar éis 31 Nollaig 2018 a d'éiligh leasú ar na ráitis airgeadais nó nochtadh ar leith a dhéanamh iontu.

**Taighde agus Forbairt**

Ní raibh gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar bun ag an gCuideachta i rith na tréimhse.

**Forbairtí sa Todhchaí**

Tá na Stiúrthóirí ag glacadh leis go leanfaidh forbairt ghníomhaíochtaí na Cuideachta ar aghaidh de réir na bpleananna.

**Na Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí**

Is iad na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá ag an gCuideachta ná maoiniú leanúnach a cuid gníomhaíochtaí ag Rialtas na Ríochta Aontaithe agus agus Rialtas na hÉireann. Cé go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil leis go mbeidh maoiniú leanúnach á dhéanamh ag an dá Rialtas ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta, bíonn athbhreithniú á dhéanamh i gcónaí ar an leibhéal maoinithe.  Níl aon chomhaontú fadtéarmach foirmiúil ann.

D'fhéadfadh BREXIT athrú bunúsach a dhéanamh ar an taisteal go dtí an dá dhlínse ar oileán na hÉireann agus ar an taisteal laistigh den oileán féin chomh maith. Tá Turasóireacht Éireann ag faire go géar ar an a bhfuil ag tarlú, d'fhonn aon tionchair dhochracha a mhaolú agus an leas is fearr a bhaint as aon deiseanna a eascraíonn as.

Mar gheall ar a ghníomhaíochtaí ar fud an domhain, tá tionchar ag leibhéal na gníomhaíochta eacnamaí i bpríomh-mhargaí na Cuideachta, An Bhreatain, SAM, An Fhrainc, an Ghearmáin, agus na coda eile den domhan go ginearálta, ar an bhfonn taistil. Cuireann fás nó cúlú ar bith sna margaí seo isteach ar an tionscal turasóireachta agus taistil go léir, agus go háirithe ar chumas na Cuideachta chun fás a sheachadadh, i líon na gcuairteoirí agus ina gcaiteachas, de réir spriocanna seachadta na Cuideachta ar oileán na hÉireann. Mhéadódh teagmhas ar nós mórionsaí sceimhlitheoireachta nó briseadh amach galair cur isteach ar chumas na Cuideachta a spriocanna a bhaint amach. Bheadh tionchar chomh maith ag aon chailliúint nó cur isteach breise ar rochtain aeir nó farraige agus ag gluaiseachtaí neamhfhabhracha sna malartáin eachtracha ar thaisteal go hoileán na hÉireann. Bíonn an Bord ag faire go rialta ar na rioscaí thuas agus glactar leis na gníomhartha cuí leis na rioscaí a mhaolú nó le tabhairt faoi na hiarmhairtí ionchasacha dochracha an oiread agus is féidir go praiticiúil.

**Reachtaíocht Chomhionannais**

Tá sé de bheartas ag an mBord an Reachtaíocht Chomhionannais sa dá dhlínse a chomhlíonadh go hiomlán. Bunaítear earcaíocht ar chumas iarratasóra chun an post a dhéanamh. Déantar iarratais ar fhostaíocht ó gach grúpa mionlaigh, lena n-áirítear lucht míchumais, a bhreathnú go hiomlán agus go cothrom, má bhíonn na scileanna agus na cumais iontu chun an obair a dhéanamh.

Má tharlaíonn míchumasú le linn fostaíochta is é beartas an Bhoird gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh athoiliúint shásúil ar fáil, nó más infheidhmithe, go dtabharfar cabhair le fostaíocht mhalartach a fháil.

**Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair**

Is é beartas an Bhoird sábháilteacht, sláinte agus leas leanúnach na bhfostaithe ag obair a chinntiú trí thimpeallacht shábháilte shláintiúil a chothabháil bunaithe ar fhorálacha na Reachtaíochta um Shláinte, Shábháilteacht agus Leas ag an Obair sna dlínsí ina mbíonn sé ag feidhmiú.

**Tabhartais Charthanachta**

Ní dhearna Turasóireacht Éireann aon tabhartas carthanachta le linn na tréimhse.

**Íocaíocht do Sholáthraithe**

Is é beartas Thurasóireacht Éireann CRT gach soláthraí a íoc chomh pras agus is infheidhmithe agus gan aon am breise a ghlacadh chun soláthraithe a íoc, seachas an t-am a bhíonn ag teastáil chun an sonrasc a sheiceáil agus a phróiseáil. In 2018, ba é 19 lá an meán-am idir sonrasc soláthraí a fháil agus é a íoc. Níor íoc Turasóireacht Éireann CRT aon ús maidir le híocaíochtaí déanacha i rith na bliana. Tá breis eolais faoi íocaíochtaí Thurasóireacht Éireann le soláthraithe ar fáil ar shuíomh corparáideach gréasáin Thurasóireacht Éireann www.tourismireland.com

**Rannpháirtíocht na bhFostaithe**
Cuireann Turasóireacht Éireann Teoranta a straitéis gnó i bhfeidhm trína fhoireann. Tá rannpháirtíocht lucht foirne ríthábhachtach le cuspóirí gnó a bhaint amach sa phróiseas pleanála agus cinnteoireachta. Déantar rannpháirtíocht na foirne a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as an rochtain chuí ar shainchomhairle agus trí dheiseanna oiliúna a chuireann ar a gcumas a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtúil.

**Saoráil Faisnéise**
Foráiltear san Acht um Chomhaontú na Breataine- na hÉireann 1999 go ndéanfadh Airí Éireannacha agus Thuaisceart Éireann a bhfuil freagracht orthu maidir le saoráil faisnéise Cód Cleachtais a dhréachtú do na Comhlachtaí Thuaidh/Theas agus go mbeadh sé le faomhadh ag an NSMC. Is cód neamhreachtúil é an Cód a faomhadh ar an 1 Eanáir 2006, agus dréachtaíodh é le haird ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 agus an Freedom of Information Act, 2000 sa Ríocht Aontaithe.

Áisítear rochtain an phobail de réir an Chóid ar fhaisnéis atá ag na sé chomhlachtaí forfheidhmithe Thuaidh Theas agus ag Turasóireacht Éireann Teo ar bhealaí éagsúla. Foráiltear gur cheart do gach comhlacht cineálacha áirithe faisnéise a bhaineann lena fheidhmeanna, a struchtúir, a eagraíocht agus a sheirbhísí a fhoilsiú, mar aon le tuairisc ghinearálta ar an gcineál faisnéise atá ag an gcomhlacht sin. Leagtar amach an próiseas faoinar féidir le ball den phobal faisnéis atá ag an gcomhlacht sin a iarraidh, na céimeanna is gá don chomhlacht a ghlacadh agus an t-iarratas sin á láimhseáil agus an tréimhse ama inar cheart don chomhlacht freagra a thabhairt ar iarratas de ghnáth. Tugann an Cód deis chomh maith do bhaill den phobal ráiteas a fháil faoi aon ghníomh den chomhlacht a bhfuil tionchar aige ar an duine sin.

Tugtar catagóirí na faisnéise a bhfuil díolúine acu in Iarscríbhinn an Chóid. Má thiteann an fhaisnéis a iarrtar laistigh de chatagóir atá liostaithe i gCuid 1 den Iarscríbhinn, níl dualgas ar an gcomhlacht an fhaisnéis a nochtadh. Má thiteann an fhaisnéis a iarrtar laistigh de chatagóir atá liostaithe i gCuid 2, ní mór don chomhlacht teist leas poiblí a dhéanamh lena chinneadh an nochtfar an fhaisnéis nó nach nochtfar. Déanann an Cód foráil le haghaidh meicníocht inmheánach athbhreithnithe ar chinntí a dhéanann an comhlacht faoin gCód.

**Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le sceithirí**
Tá beartas ag Turasóireacht Éireann CTR le roinnt blianta maidir le sceithirí agus tá na nósanna imeachta foilsithe agus tugtha do gach fostaí. Le linn 2018, ní bhfuair Turasóireacht Éireann aon nochtadh.

**Freagracht Shóisialta Chorparáideach**
Ní hiad na cuideachtaí a sheachadann feidhmíocht níos fearr agus seirbhís chustaiméirí den scoth, ach a chuireann saincheisteanna eiticiúla, sóisialta agus comhshaoil san áireamh dá páirtithe leasmhara go léir na cuideachtaí is fearr. Aithníonn Turasóireacht Éireann CTR na dualgais leathana atá uirthi i leith fostaithe, na sochaí agus an phobail a bhfuil sí ag freastal air agus creideann sí go bhfuil nasc láidir idir Freagracht Shóisialta Chorparáideach agus an rath sa bhfad-téarma. Tá tacar luachanna ag Turasóireacht Éireann Teo a thugann aitheantas do leasanna a pháirtithe leasmhara go léir agus don gcion tairbhe atá á dhéanamh acu. Chun na críche sin, tá caighdeáin an-arda ionracais, rialachais chorparáideach agus fheasacht chomhshaoil againn. Aithnímid nach ionann a bheith inár saoránach maith corparáideach agus ár n-aidhmeanna gnó amháin a bhaint amach, ach go bhfuil baint aige le cion níos leithne a dhéanamh ar son leasa ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Is cuid bhunúsach d'fhás ghnó na turasóireachta ar oileán na hÉireann iad ár bpáirtithe leasmhara, idir thionscal na turasóireachta agus na turasóirí féin. Ní hé dearcadh Thurasóireacht Éireann CTR go bhfuil 'aon mhéid amháin oiriúnach do chách' maidir leis an tseirbhís a sholáthraímid, tá sé d'aidhm againn tacar solúbtha de roghanna margaíochta a chur ar fáil don tionscal turasóireachta. Ag an leibhéal corparáideach, glacaimid leis na caighdeáin comhlíonta is airde i leith riachtanais reachtúla, ag feidhmiú de réir spiorad agus litir na rialachán sa dá dhlínse.Tá sé d'aidhm againn an chúirtéis chéanna a thabhairt dár soláthraithe agus a thugaimid dár bpáirtithe leasmhara.

Gan foireann chumasach thiomanta spreagtha, ní fhéadfadh Turasóireacht Éireann CTR an leibhéal seirbhíse atá tuillte acu a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara Dá bharr seo, tugtar tús áite d'earcaíocht foirne, agus d'oiliúint agus forbairt foirne.  Is iad na daoine agus na gníomhairí atá againn i 22 láthair i 18 tír an acmhainn is tábhachtaí don rath atá ar Thurasóireacht Éireann le 18 mbliana anuas.

Tá Turasóireacht Éireann lántiomnaithe don chomhionannas in earcaíocht agus i bhfostaíocht.  Is í an straitéis atá againn na daoine is fearr a earcú agus oiliúint chuimsitheach a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt dóibh lena gcumas fad-téarmach a bhaint amach.

**Clár Leasanna na Stiúrthóirí**
Coinnítear Clár Leasanna na Stiúrthóirí in oifig chláraithe na Cuideachta.  Tá sé ar fáil don phobal agus is féidir rochtain a fháil air ach teagmháil a dhéanamh le Rúnaí na Cuideachta.

Thar ceann an Bhoird

| Joan O'Shaughnessy | Trevor White |
|---|---|
| Cathaoirleach | Stiúrthóir |

Dáta: 15 Iúil 2019

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

Tá sé riachtanach de réir dlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach tréimhse airgeadais a sholáthraíonn léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar fharasbarr nó easnamh na cuideachta don tréimhse airgeadais sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord Stiúrtha:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá an Bord Stiúrthóirí freagrach as taifid chuí cuntais a choimeád a nochtann stádas airgeadais na Cuideachta go réasúnta cruinn agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí 2014, mar atá infheidhmithe do chuideachtaí le ráthaíocht theoranta gan scairchaipiteal. Tá sé freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó an aonáin i slí cheart rialta agus as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá réir sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy Trevor White
Cathaoirleach Stiúrthóir

Dáta: 15 Iúil 2019

# TUARASCÁIL LUACH SAOTHAIR
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

De réir Treoir Feidhmíochta agus Cuntas na gComhlachtaí Thuaidh Theas, comhfhoilsithe ag an Roinn Airgeadais sa Tuaisceart agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa Deisceart, ní mór luach saothar agus teidlíochtaí pinsin bhaill foirne sinsearacha áirithe a nochtadh. Bunaithe ar chomhairle dlí gur sárú ar an reachtaíocht um chosaint sonraí a bheadh sna nochtuithe seo, níl na nochtuithe seo déanta ag Turasóireacht Éireann.

Éilítear ar Thurasóireacht Éireann luach saothar airmheánach na foirne a nochtadh. Tá sé seo bunaithe ar luach saothair bliantúil, chóibhéis lánaimseartha na foirne uile mar a bhí ar an 31 Nollaig 2018. Ní mór chomh maith raon luach saothair na foirne agus an choibhéis idir luach saothar airmheánach na foirne agus lárphointe luach saothar bandaithe an stiúrthóra is mó tuarastail a nochtadh.

Bhí luach saothair an Stiúrthóra/Ball Foirne is mó tuarastail in 2018 cothrom le €174,547 (£154,451) (2017): €170,940, £149,829). Ba ionann sin agus 3.67 oiread tuarastail airmheánaigh sa bhfórsa oibre a bhí cothrom le €47,608 (£42,127) in 2018: €53,326 (2017 €53,326. £46,740).

Tá tuarastal áirithe sa luach saothar iomlán. Ní áirítear ranníocaíocht pinsin an fhostóra ná coibhéis airgid luach aistithe pinsean.

| Iolraigh pá | 2018<br>€ | 2017<br>€ | 2018<br>£ | 2017<br>£ |
|---|---|---|---|---|
| Stiúrthóir/Ball Foirne is airde pá | 174,547 | 170,940 | 154,451 | 149,829 |
| Luach saothair airmheánach na foirne | 47,608 | 53,326 | 42,127 | 46,740 |
| Cóimheas | 3.67 | 3.21 | 3.67 | 3.21 |
| Raon luach saothar na foirne | €17,526 go €174,547 | €16,482 go €170,940 | £15,508 go £154,451 | £16,255 go £149,829 |

**Cúiteamh ardbhainistíochta**

Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha & Rúnaí na Cuideachta/Tuairsceart Éireann, Stiúrthóir na Margaí agus Stiúrthóir na Margaíochta Lárnaí. Íocadh €607,235 (£506,694) san iomlán leis an bhFoireann Ardbhainistíochta in 2018 (2017: €627,325 (£549,850).

**Beartas Luach Saothair**
Tá sé de bheartas ag Turasóireacht Éireann tuarastail/téarmaí agus coinníollacha do lucht foirne atá bunaithe ar Oileán na hÉireann a leanúint/ailíniú go dlúth leo agus coinníollacha an mhargaidh a leanúint do lucht foirne i ndlínsí thar lear.

**Conarthaí Seirbhíse**
Déantar ceapacháin sinsearacha bainistíochta de réir bheartas earcaíochta agus roghnaithe Thurasóireacht Éireann, a éilíonn go ndéantar ceapachán ar bhonn oiriúnachta agus iniúlachta. Gheobhaidh gach ball foirne conradh fostaíochta ar a gceapadh, le sonraí faoina dtéarmaí agus a gcoinníollacha. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí scoir, cúitimh ná scarúna le linn 2018.

**Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach / Ráiteas Rialála**
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018
Admhaíonn an Bord a fhreagracht i leith a chinntiú go ndéanann an Chuideachta córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais a chothú agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach urrús réasúnach seachas urrús absalóideach a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in am tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach de bhainistiú rialta faisnéise, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta.   Tá na nithe seo a leanas go háirithe san áireamh.

- Córais bhuiséadaithe chuimsitheacha le buiséad bliantúil atá athbhreithnithe agus aontaithe ag an mBord;
- Athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Treoirlínte maidir le rialú infheistíochta caipitil a shainmhíniú go soiléir;
- Rialacha a shainmhíniú go soiléir le cinntiú gur leanadh nósanna imeachta soláthair phoiblí
- Disciplíní foirmiúla cuí um bhainistíocht tionscadail.

Cuimsíonn an creat thuas téarmaí an Mheabhrán Airgeadais lena ndéantar Turasóireacht Éireann a rialú d'fhonn comhlíonadh a chinntiú.

**Creat Riosca agus Rialaithe**
Tá córas bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag Turasóireacht Éireann lena ndéantar príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta lena dtabharfar faoina réiteach a aithint agus a thuairisciú, agus leis na rioscaí a mhaolú a oiread is féidir.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá ann do Thurasóireacht Éireann CLG agus tá siad aitheanta, luacháilte agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Árachas Riosca athbhreithniú agus uasdátú go rialta ar an gclár. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe le haghaidh pleanála agus le hacmhainní a leithdháileadh le cinnte go ndéantar bainistiú sásúil ar na rioscaí. Tá sonraí na rialuithe agus na ngníomhaíochtaí atá riachtanach le rioscaí a mhaolú ar fáil sa chlár rioscaí agus sanntar oibriú na rialuithe chuig baill foirne ar leith mar dhualgas.

**Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmeáilte bunaithe le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaithe a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, mar is cuí, ar bhealach tráthúil.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánach i bhfeidhm ag Turasóireacht Éireann CTR, a bhfuil a chlár oibre faoi thionchar anailís an riosca a bhfuil neamhchosaint ag an gCuideachta ina leith.  Tá iniúchadh inmheánach ullmhaithe atá bunaithe ar an anailís seo. Déantar athbhreithniú ar anailís an riosca i rith na bliana agus formhuiníonn Coiste Iniúchóireachta agus Ráthaíocht Riosca na Cuideachta é. Áirítear sa chlár oibre iniúchóireachta inmheánach, feidhmiú obair iniúchóireachta mionsonraithe, soláthar tuarascála ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánach na Cuideachta ar bhonn rialta don Choiste Bainistiú Riosca agus tuairim neamhspleách ar dhóthaineacht agus ar éifeachtacht chóras rialú inmheánach airgeadais na cuideachta.
Company on a regular basis to the Audit and Risk Assurance Committee and an independent opinion on the adequacy and effectiveness of the Company’s system of internal financial control. I measc na réimsí a clúdaíodh le hiniúchóireacht inmheánach sa chlár oibre in 2018 bhí athbhreithnithe ar Oifig Mhargadh Frankfurt, Comhlíonadh Reachtúil, Rialuithe Inmheánacha Airgeadais, bainistiú riosca agus bainistiú an tionscadail GDPR.

Déanann an Bord measúnú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar bhonn na hoibre a dhéanann na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí um rialú airgeadais. Agus an t-athbhreithniú á dhéanamh acu, cuireann an Bord an Meabhrán Chríochnú Iniúchóireachta agus tuarascálacha eile an iniúchóra inmheánaigh san áireamh.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialuithe inmheánacha i mí Feabhra 2018, agus ba é tuairim an Bhoird go raibh na rialuithe seo á bhfeidhmiú go héifeachtach agus go sásúil.

Thar ceann an Bhoird

Joan O’Shaughnessy Niall Gibbons
Cathaoirleach Príomhfheidhmeannach

Dáta: 15 Iúil 2019

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**
Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 faoi fhorálcha alt 5 de Acht an Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (leasú) 1993.  Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta den ráiteas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas ioncaim chuimsiteach, ráiteas maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le hathruithe i gcothromas, an ráiteas sreabhanna airgid agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha cuntasaíochta.

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a ioncam agus a chaiteachas i leith na bliana 2018

- go bhfuil siad ullmhaithe i geart de réir Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais (FRS) 102 - an caighdeán tuairisceoireachta airgeadais atá i bhfeidhm don RA agus do Phoblacht na hÉireann, agus

- go bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

**Bunús na tuairime**
Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISA) mar atá curtha chun cinn ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Fhoras Iniúchóireachta. Mínítear mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin seo san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ón gcuideachta agus go mo chuid dualgas eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthaineach agus cuí mar bhonn do mo thuairim.

**Conclúidí maidir le gnóthas leantach**

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ag na stiúrthóirí ar bhonn gnóthas leantach. Mar a mhínítear san aguisín leis an tuarascáil seo, déanaim conclúid ar

- oiriúnacht úsáid gnóthas leantach a úsáid mar bhonn cuntasaíochta ag na stiúrthóirí, agus

- an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaitheadh amhras mór ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Níl tada le tuairisciú agam maidir leis seo.

Tuairim maidir le hábhair atá sainordaithe in Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn mo iniúchadh amháin, tuairiscím

- I mo thuairim, tá an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí ag réiteach leis na ráitis airgeadais, agus

- ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá an t-eolas go léir faighte agam agus na míniúcháin a cheapaim a bheith riachtanach le haghaidh chuspóir m'iniúchadh.

Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta Thurasóireacht Éireann leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta, cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus aontaíonn siad leis na taifid airgeadais.

Éilítear orm le hAcht na gCuideachtaí 2014 a thuairisciú mura bhfuil, i mo thuairim, nochtuithe luach saothar na stiúrthóirí agus na mbeartas a éilítear in ailt 305 go 312 den Acht déanta. Níl tada le tuairisiú agam maidir leis seo.

Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha ar fáil ag na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Tá Tá sí seo comhdhéanta den tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear tuarascáil na stiúrthóirí, an tuarascáil luach saothair agus an ráiteas maidir leis an gcóras inmheánach rialaithe/ ráiteas rialachais. Mínítear mo chuid dualgas ó thaobh na faisnéise seo a thuairisciú, agus ábhair áirithe eile a ndéanaim tuairisciú mar eisceacht orthu, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl tada le tuairisiú agam maidir leis seo.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Dáta: 8 Lúnasa 2019

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
AGUISÍN DON TUARASCÁIL

Freagrachtaí na Stiúrthóirí
Leagtar amach freagrachtaí na stiúrthóirí sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na stiúrthóirí. Tá na freagrachtaí seo a leanas ar na stiúrthóirí

- Ráitis airgeadais a ullmhú sa bhfoirm atá sainordaithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014

- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor cothrom de réir FRS102

- rialtacht na mbearta a chinntiú

- a mheasúnú an bhfuil úsáid an bhonn tráchtála leanúnach oiriúnach, agus

- cibé rialú inmheánach a mheasann siad atá riachtanach d'fhonn ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú ionas go mbíonn siad saor ó mhíthuairiscí, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Tá dualgas orm faoi alt 5 de Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann agus tuairisciú dá réir chuig Tithe an Oireachtais.

Tá sé de chuspóir agam agus iniúchadh á dhéanamh agam cinnteacht réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuairisc ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard cinnteachta é cinnteacht réasúnach, ach ní thugann sé rathúnas go n-éireoidh le hiniúchadh a dhéantar de réir ISA i gcónaí míthuairisc ábhartha a bhraith nuair is ann dó. Is féidir le míthuairiscí eascairt as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí airgeadais na n-úsáidreoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó le chéile.

Mar chuid den iniúchadh de réir ISA, cleachtaim breith ghairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm le linn an iniúchta. Agus seo á dhéanamh agam

- Déanaim rioscaí míthuairisce ábhartha a aithint agus a mheasúnú sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; dearaim nósanna imeachta le freagairt do na rioscaí seo agus feidhmím iad; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthaineach agus cuí le bonn a chur le mo thuairim. Is mó an riosca nuair nach mbraitear míthuairisc ábhartha de bharr calaoise ná earráid, mar gur féidir le claonpháirtíocht, calaois, easnamh d'aon ghnó, bréagléiriú, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach do na cúinsí, ní ar mhaithe le tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- déanaim oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideach a mheas, agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.

- Déanaim conclúid ar oiriúnacht úsáid an bhonn cuntasaíochta gnó leantach agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fhaightear, ar an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfhead amhras suntasach ar chumas Thurasóireacht Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnó leantach. Más é mo chonclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dom aird a dhíriú i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais, nó, mura bhfuil na nochtuithe sásúil, mo thuairim a mhaolú. Tá mo chuid conclúidí bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí deireadh a chur leis an gcuideachta mar ghnó leantach áfach.

- Déanaim measúnú ar aon gcur i láthair foriomlán, ar struchtúr agus inneachar na ráitis airgeadais, lena n-áirítear nochtuithe, agus ar an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh ar bhealach a bhaineann cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil ceangal rialachais orthu maidir le scóip bheartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnamh suntasach i rialú inmheánach atá aitheanta agam le linn mo iniúchta.

**Faisnéis seachas faisnéis ó na ráitis airgeadais**

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a thugtar sna ráiteas seo i mo thuairim ar na ráitis airgeadais, agus ní thugaim aon ghealltanas conclúideach fúthu.

Maidir le mo iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá dualgas orm faoi na ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus nuair a dheinim sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile sin ag teacht leis na ráitis airgeadais nó nach bhfuil nó le heolas a fhaightear le linn an iniúchta, nó go bhfuil míthuairisciú déanta ar bhealach eile. Más é mo chonclúid, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míthuairisciú déanta san fhaisnéis eile seo, tá dualgas orm an fhíric seo a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Déantar m'iniúnadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Más léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a reáchtáladh gnó poiblí.

Féachaim chomh maith le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má thugaim cás ábhartha ar bith faoi deara nár úsáideadh airgead don chuspóir a bhí beartaithe dó, nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

| | | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€** | € | **£** | £ |
| | Nótaí | 69,816 | (000) | **(000)** | (000) |
| Ioncam Iomlán | 2 | (70,135) | 64,720 | 61,778 | 56,727 |
| Lúide Caiteachas | 3 | (989) | (63,270) | (62,060) | (55,456) |
| Aistriú ó Chúlchiste Deontais an Rialtais | | (1,308 | (476) | (875) | (418) |
| **(Easnamh)/Barrachas Ioncaim thar caiteachas** | | 69,816 | 974 | (1,157) | 853 |

Ráiteas Cuimsitheach Ioncaim 23

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

| | | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€** | € | **£** | £ |
| | Nótaí | **(000)** | (000) | **(000)** | (000) |
| (Easnamh)/Barrachas ioncaim thar caiteachas | | 1,308) | 974 | (1,157) | 853 |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin | 14d | 1,627 | 7,411 | 1,455 | 6,675 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsin Iarchurtha | | (1,627) | (7,411) | (1,455) | |
| (Caillteanas)/Gnóthachan iomlán aitheanta | | (1,308 | 974 | (1,157) | 853 |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-21.

Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy Trevor White
Cathaoirleach Stiúrthóir

Dáta: 15 Iúil 2019

## RÁITEAS MAIDIR LE SEASAMH AIRGEADAIS
Ar 31 Nollaig 2018

| | | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **€** | € | **£** | £ |
| | Nótaí | **(000)** | (000) | **(000)** | (000) |
| Sócmhainní Seasta<br>Doláimhsithe<br>Maoin, Gléasra agus Trealamh | 7<br>8 | **-**<br>**1,719** | -<br>730 | **-**<br>1,537 | -<br>648 |
| | | 1,719 | 730 | 1,537 | 648 |
| Sócmhainní Reatha<br>Méideanna infhála<br>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim | 9 | 2,802<br>10,988 | 4,664<br>7,960 | 2,506<br>9,829 | 4,138<br>7,062 |
| | | 13,790 | 12,624 | 12,335 | 11,200 |
| Dliteanais Reatha<br>(Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)<br>Iníoctha | 10 | (12,916) | (10,442) | (11,554) | (9,264) |
| Glan-Sócmhainní Reatha | | **874** | 2,182 | **781** | 1,936 |
| **Sochair Scoir**<br>Maoiniú pinsin iarchurtha<br>Dliteanais Pinsin | 14f<br>14c | 61,868<br>(61,868) | **60,619**<br>**(60,619)** | 55,343<br>(55,343 ) | **53,781**<br>**(53,781)** |
| | | - | - | - | - |
| Glansócmhainní Iomlána | | **2,593** | **2,912** | **2,318** | **2,584** |
| Léirithe ag:<br>Cuntas ioncaim agus caiteachais<br>Cúlchiste Deontais an Rialtais | | **874**<br>1,719 | **2,182**<br>**730** | **781**<br>**648** | **1,936**<br>**648** |
| | | **2,593** | **2,912** | **2,318** | **2,584** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-21.

Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy Trevor White
Cathaoirleach Stiúrthóir

Dáta: 15 Iúil 2019

# Ráiteas Maidir le hAthruithe i gCothromas

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

## Cúlchiste an Chuntas ioncaim agus caiteachais

| | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 2,182 | 1,208 | 1,936 | 1,032 |
| (Easnamh)/Barrachas don Bhliain | (1,308) | 974 | (1,157) | 853 |
| (Caillteanas/)Gnóthachan achtúireach | 1,627 | 7,411 | 1,455 | 6,575 |
| Maoiniú pinsin iarchurtha | **(1,627)** | (7.411) | (1,4550 | (6,575) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malartáin | - | - | 2 | - |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **874** | 2,182 | 781 | 1,936 |

## Cúlchiste Deontais an Rialtais

| | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | **730** | 254 | **648** | 217 |
| Deontais úsáidte le réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | **1,189** | 687 | **1,052** | 602 |
| Amúchadh de réir Dímheas Sócmhainní | **(188 )** | (209) | **(167)** | (183) |
| Suim scaoilte ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | **(12)** | (2) | **15** | (1) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Malartáin | **-** | - | **1,567** | 13 |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **1,719** | 730 | **1,537** | 648 |
| **Cothromas Iomlán ag Deireadh na Bliana** | **2,593** | 2,912 | **2,318** | 2,584 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas um Sreafaí Airgid agus Nótaí 1-21.

Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy Trevor White
Cathaoirleach Stiúrthóir

Dáta: 15 Iúil 2019

# Ráiteas Sreafaí Airgid

don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

| | | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin: Íocaíochtaí le maoin, gléasra agus trealamh a fháil | 12<br>(687) | 4,217<br>(1,189) | **2,897** | **3,819**<br>**(1,052)** | **2,752**<br>**(602)** |
| Glan ardú/(ísliú( in airgead agus i gcóibhéisí airgid | 13 | 3,028 | **2,210** | **2,767** | |
| Airgead agus cóibhéisí airgid ag tús na bliana | | 7,960 | **5,750** | **7,062** | **4,912** |
| Airgead agus cóibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | 10,988 | **7,960** | **9,829** | **7,062** |

Thar ceann an Bhoird

Joan O'Shaughnessy Trevor White
Cathaoirleach Stiúrthóir

Dáta: 15 Iúil 2019

# Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta
Ar 31 Nollaig 2018

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Chuideachta:

**Beartais Chuntasaíochta**
Leagtar amach bunús ullmhúchán agus beartais shuntasacha cuntasaíochta Thurasóireacht Éireann CTR thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad ar bhonn comhsheasmhach ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

**Ráiteas Géilliúntais**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann CLG don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018 de réir FRS102, an caighdeán tuairisceoireachta airgeadais atá i bhfeidhm sa RA agus in Éirinn agus atá eisithe ag an Chomhairle Tuairisceoireachta Cairte (FRC), mar atá i bhfeidhm ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus, ach amháin mar a luaitear, comhlíonann siad riachtanais Thuarascálacha Bliantúla na gComhlachtaí Feidhmithe Thuaidh Theas atá eisithe ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Bunús an ullmhúcháin**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a rinneadh a thomhas ar a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go seasta ag plé le míreanna a measadh a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Thurasóireacht Éireann CTR.

**Breithiúnais agus Meastacháin Ghéibheannacha Cuntasaíochta**
Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna arna dtuairisciú i leith sócmhainní agus dliteanas amhail ar dháta an chláir comhardaithe agus ar na méideanna arna dtuairisciú i leith ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, toisc gur meastachán atá i gceist, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Seo a leanas na breithiúnais a raibh an tionchar ba shuntasaí acu ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais:

a) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha
Tá saolta sócmhainne agus na luachanna gaolmhara iarmharacha do gach aicme sócmhainne seasta athbhreithnithe ag na Stiúrthóirí, agus go háirithe saol úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tá siad den tuairim go bhfuil na luachanna iarmharacha oiriúnach.

b) Oibleagáid um shochair scoir
Deimhnítear nuashonraí go bliantúil ar na toimhdí bunúsacha sna luachálacha achtúireacha lena n-aithnítear na suimeanna (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí, rátaí mortlaíochta agus rátaí treochta chostas sláinte)sna ráitis airgeadais, bunaithe ar na tosca reatha eacnamaíocha  agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha an phinsin agus na bpleananna iar-scoir.

Féadfaidh na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:
(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáideacha

(ii) leibhéil chúitimh na todhchaí, coinníollacha an mhargadh saothair sa todhchaí

**Ioncam**
Mínítear ioncam ar bhonn infhála Cuirtear gach ioncam deontais chun sochair chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse chuntasaíochta ina n-éilítear é ó na heagraíochtaí maoinithe.

**Caiteachas**
Ionsúnn an Chuideachta CBL agus cánacha díolacháin áitiúla le córas athghabhála teoranta atá comhaontaithe leis na hÚdaráis Ioncaim.  Gearrtar caiteachas fógraíochta agus margaíochta uile, lena n-áirítear costais tabhaithe ar tháirgeadh míreanna foilseacháin nach bhfaightear aon ioncam dóibh, don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse airgeadais inar tobhadh iad.

**Méideanna infhála**
Luaitear Féichiúnaithe Trádála tar éis soláthar a dhéanamh le haghaidh drochfhiacha agus fiacha amhrasacha sonraithe.

**Sócmhainní Doláimhsithe Seasta**
Amúchtar sócmhainní doláimhsithe seasta le saol teoranta thar tréimhse ionchas úsáideach a saoil trí ranníocaíochtaí cothroma bliantúla a chur chun dochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.  Baineann an saol úsáideach chun sócmhainní teoranta doláimhsithe a amúchadh le feidhmíocht na sócmhainní a fhaightear sa todhchaí, agus le breithiúnas na bainistíochta faoin tréimhse a mbainfear leas eacnamaíoch as an tsócmhainn.

**Maoin, gléasra agus trealamh**
Tá maoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha. Déantar soláthar don dímheas ag rátaí atá ríofa le costas lúide luach iarmharach a dhíscríobh thar an saol úsáideach atá ceaptha dó, ar bhonn líne díreach. Díscríobhtar bogearra ríomhaireachta a cheannaítear nó a fhorbraítear in-tí de ghnáth ar bhliain a cheannaithe mura féidir a chruthú go bhfuil luach athdhíola aige.

**Airgeadraí Coigríche**
Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra coigríche go euro ag na rátaí malartáin atá i bhfeidhm ar dháta an chlár comhardaithe. Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a thaifeadadh ag rátaí seasta caighdeánacha don bhliain le haghaidh gach airgeadra réadaithe ag am na híocaíochta. Tógtar gnóthachain agus caillteanais réadaithe go dtí an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Nochtadh méideanna aistrithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, sa Ráiteas Sreafaí Airgid, sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais agus sna nótaí gaolmhara in euro (€) le suimeanna achomair tugtha i Sterling (STG£).

**Sochair Scoir**
Chuir na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Pinsin Thuaidh Theas le feidhm ón 29 Aibreán 2005 Is scéim sochar pinsean sainmhínithe í atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Tá an scéim á riaradh ag riarthóir seachtrach. Bíonn maoiniú á sholáthar ó Rialtas na hÉireann tríd an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann tríd an Roinn Eacnamaíochta, agus maoinítear an riarthóir as sin.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann na fostaithe le linn na tréimhse. Aithnítear méid a fhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go mbeadh sé inghnóthaithe sa todhchaí trí ioncam deontais nó maoiniú eile chuig an riarthóir, go bhfuil sé in-aisghabhála, agus go bhfuil sé seach-churtha ag íocaíochtaí pinsin a rinneadh i rith na bliana.

Tá gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag eascairt as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachais agus easnaimh taithí léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann.

Léiríonn na dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin sa todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha sócmhainn chomhfhreagrach ar acmhainní iad atá le cur ar fáil i dtréimhsí sa todhchaí ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann agus ó Rialtas na hÉireann, sa tslí a luaitear thuas.

Aithnítear sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais an dliteanas carnach le haghaidh pinsin atá tuillte ag fostaithe ag deireadh na bliana mar aon le sócmhainn chomhfhreagrach.

I gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta do chomhlachtaí neamhthráchtála Stait i bPoblacht na hÉireann, aithníonn Turasóireacht Éireann sócmhainn a sheasann d'acmhainní atá le cur ar fáil ag státchistí na RA agus na hÉireann ar son dliteanas neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn imeachtaí áirithe ón aimsir chaite. Áirítear sna himeachtaí sin an tacaíocht reachtúil do scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin seirbhís phoiblí a mhaoiniú i ngach dlínse agus an próiseas meastacháin bliantúil san áireamh. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin nach bhfuil aon ráthaíocht i leith na méideanna sonracha seo leis na forais mhaoinithe, níl aon fhianaise ag Turasóireacht Éireann nach leanfar ar aghaidh leis an mbeartas maoinithe seo sa todhchaí.

Déantar ranníocaíochtaí chuig roinnt scéimeanna pinsean pearsanta atá á bhfeidhmiú ag baill foirne nach bhfuil ina mbaill de scéim sochair sainmhínithe. Áirítear íocaíochtaí a dhéantar faoi gach scéim sa Ráiteas Ioncam agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

**Sócmhainní ar Léas**
Déantar caipitliú ar shócmhainní a fhaightear faoi léasanna mar shócmhainní seasta agus dímheastar iad de réir gnáthbheartas na Cuideachta.  Taifeadtar mar iníoctha an dliteanas comhfhreagrach agus gearrtar an ghné úis den íocaíocht léas airgeadais ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn blianachta. Gearrtar ligean ar léas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dírí thar tréimhse an léasa.

**Cúlchiste Deontais an Rialtais**
Léiríonn Cúlchiste Deontais an Rialtais an luach neamh-amúchta d'ioncam deontais a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

**NÓTAÍ DO NA RÁITIS AIRGEADAIS**
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

**1. Formáid na Ráitis Airgeadais**
Aistríodh torthaí Euro go Sterling ag ráta deiridh na bliana: €1.11791 (2017: €1.12714) don Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais
agus ag meánráta na bliana, €1.13011 (2017: €1.14090) don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

**2. Ioncam Iomlán**

| | | **2018 €<br><br>(000)** | 2017 €<br>(000) | **2018<br>£Stg<br>(000)** | 2017<br>£ Stg<br>(000) |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | | | | |
| Fáilte Éireann | | **50,827** | 45,183 | **44,975** | 39,603 |
| Tourism Northern Ireland | | **14,319** | 13,891 | **12,670** | 12,175 |
| Ioncam Trádála | | **1,729** | 2,359 | **1,530** | 2,068 |
| Ioncam Éagsúil | | **65** | 156 | **58** | 137 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean | 14e | **2,876** | 3,131 | **2,545** | 2,744 |
| | | **69,816** | 64,720 | **61,778** | 56,727 |

Tá ioncam infhaighte ó Fháilte Éireann agus ó Tourism Northern Ireland de réir na bhforálacha maoinithe atá leagtha síos sa Mheabhrán Airgeadais. Ba é an méid iarbhír a fuarthas i Sterling ó Tourism Northern Ireland ná £12.620m (2017: £12.085m).

Áirithe san iomcam ó Fháilte Éireann tá €3.584m: £3.171m (2017: €4.326m: £3.792m) ar son Margaíocht Táirgí, Feachtais Bhaile Átha Cliath (feachtas domhanda le Baile Átha Cliath a chur chun cinn lasmuigh den séasúr) agus Rochtain Réigiúnach (le rochtain ar na réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Tuaisceart Éireann a chur chun cinn).

Áirítear san ioncam ó Thurasóireacht Thuaisceart Éireann €1.191m: £1.054m (2017: €512k, £449k) le haghaidh Margaíocht Táirge, Aer-rochtain an Tuaiscirt agus Margaíocht Dhigiteach.

3. Caiteachas

| | | 2018 | 2016 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Cláir Mhargaíochta | | 43,801 | 38,381 | 38,758 | 33,641 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | 552 | 590 | 488 | 517 |
| Costais Foirne | 5 | 16,662 | 15,954 | 14,744 | 13,984 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | 7,279 | 6,646 | 6,441 | 5,825 |
| Taisteal agus Cothabháil | | 1,292 | 1,230 | 1,143 | 1,078 |
| Dlíthiúil agus Gairmiúil | | | 392 | 418 | 344 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 76 | 76 | 67 | 66 |
| Drochfhiacha | | 1 | 1 | 1 | 1 |
| | | 70,135 | 63,270 | 62,060 | 55,456 |

Áirithe sna cláir mhagaíochta tá €3.592m: £3.179m (2017: €4.330m: £3.796m) a caitheadh ar son Margaíocht Táirgí, Feachtais Bhaile Átha Cliath (feachtas domhanda le Baile Átha Cliath a chur chun cinn lasmuigh den séasúr) agus Rochtain Réigiúnach (le rochtain ar na réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus Tuaisceart Éireann a chur chun cinn).

Áirítear sna cláir mhargaíochta Turasóireacht Thuaisceart Ėireann €1.145m: £1.013m (2017: €512k, £449k) le haghaidh Margaíocht Táirge, Aer-Rochtain an Tuaiscirt agus Margaíocht Dhigiteach.

## 2018 Anailís Gheografach ar chaiteachas

| | | Lárnach | An Bhreatain | An Eoraip | An Chuid Eile den Domhan | Meiriceá Thuaidh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
| Cláir Mhargaíochta | | 9,117 | 8,118 | 12,137 | 2,393 | 12,036 | 43,801 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | - | - | 114 | 438 | - | 552 |
| Costais Foirne  and Luach Saothair | 5 | 9,057 | 1,014 | 3,498 | 740 | 2,353 | 16,662 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | 4,442 | 659 | 911 | 279 | 988 | 7,279 |
| Taisteal agus Cothú | | 336 | 136 | 264 | 185 | 309 | 1,230 |
| Dlíthiúil agus Gairmiúil | | 413 | 138 | 242 | 216 | 283 | 1,292 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 280 | - | 59 | 12 | 121 | 472 |
| Drochfhiacha | | 1 | - | - | - | - | 1 |
| | | 23,386 | 9,929 | 16,961 | 4,078 | 15,781 | 70,135 |

| | | Lárnach | An Bhreatain | An Eoraip | An Astráil agus Margaí ag Forbairt | Meiriceá Thuaidh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Cláir Mhargaíochta | | 8,067 | 7,183 | 10,740 | 2,118 | 10,650 | 38,758 |
| Gníomhairí Díolacháin Ginearálta thar lear | | - | - | 100 | 388 | - | 488 |
| Costais Foirne agus Luach Saothair | 5 | 8,014 | 898 | 3,095 | 655 | 2,082 | 14,744 |
| Costais Oifige agus Riaracháin | | 3,931 | 583 | 806 | 247 | 874 | 6,441 |
| Taisteal agus Cothú | | 365 | 123 | 214 | 191 | 250 | 1,143 |
| Táillí Dlí agus gairmiúla | | 248 | - | 52 | 11 | 107 | 418 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | 67 | - | - | - | - | 67 |
| Drochfhiacha | | 1 | - | - | - | - | 1 |
| | | 20,693 | 8,787 | 15,007 | 3,610 | 13,963 | 62,060 |

Tá na cláir Margaíochta Láir comhdhéanta de ionaid teagmhála custaiméirí de chuid Thurasóireacht Éireann, aonad ríomh-mhargaíochta, táirgeadh fógraíochta agus na costais a ghabhann le táirgeadh agus dáileadh na n-ábhar margaíochta.

4. (Easnamh)/Barrachas ioncaim thar caiteachas

Luaitear é seo tar éis iad seo a leanas a ghearradh

| Luaitear é seo tar éis iad seo a leanas a ghearradh | | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| Amúchadh sócmhainní seasta doláimhsithe | 7 | - | 122 | - | 107 |
| Dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh | 8 | **188** | 87 | **167** | 76 |
| Fáilteachas | | | 39 | | 34 |
| Luach saothair an Iniúchóra | | **18** | 16 | **16** | 14 |
| Luach Saothair na Stiúrthóirí | 6 | **76** | 76 | **67** | 66 |
| Cíosanna Léas Oibriúcháin - Talamh agus Foirgnimh | 2,166 | **2,249** | 2,249 | **1,917** | 1,971 |
| Cíosanna Léas Oibriúcháin - Eile | 9 | **8** | 8 | **8** | 7 |

5. Fostaithe agus Luach Saothair

| | | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Nótaí | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Pá agus Tuarastal | | 10,265 | 9,553 | 9,083 | 8,373 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | | 1,196 | 1,251 | 1,058 | 1,097 |
| Cláir Shocrúcháin do Mhic léinn | | 732 | 680 | 648 | 596 |
| Ranníocaíocht na Cuideachta le pinsin phríobháideacha | 14h | 91 | 49 | 81 | 43 |
| Costais seirbhísí reatha pinsean | 14e | 4,064 | 4,105 | 3,596 | 3,598 |
| Costais Phárolla eile | | 314 | 316 | 278 | 277 |
| | | 16,662 | 15,954 | 14,744 | 13,984 |

Bhí 152 duine ar an meán fostaithe i rith na bliana (2017: 148).

I rith na bliana rinneadh asbhaintí de €180,010 (£159,287)) a bhain le pinsin, faoi na Bearta Éigeandála Airgeadais um Leas an Phobail, 2009, mar atá leasaithe, agus íocadh é leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

D'athcheap an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas an Príomhfheidhmeannach reatha ar an 10 Meitheamh 2014 ar chonradh 5 bliana. Bhí tuarastal de €160,376 (£141,912) aige in 2018 (2017: €154,611, (£135,517), tá sé ina bhall de scéim phinsean na Cuideachta, níl bónas iníoctha agus rinneadh leasú ar a thuarastal de réir an Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Tá an tuarastal faoi réir ag tobhach Pinsean Seirbhíse Poiblí de 9.0% agus ranníocaíocht nua pinsean Croí-Scéime de 7.35%.

Miondealú ar shochair fhostaithe *

| | Líon na bhfostaithe 2018 | Líon na bhfostaithe 2017 |
|---|---|---|
| €60,001 - €70,000 | 16 | 15 |
| €70,001 - €80,000 | 9 | 13 |
| €80,001 - €90,000 | 13 | 12 |
| €90,001 - €100,000 | 4 | 6 |
| €100,001 - €110,000 | 8 | 4 |
| €110,001 - €120,000 | 2 | 3 |
| €120,001 - €130,000 | 1 | 2 |
| €130,001 - €140,000 | 2 | 1 |
| €140,001 - €150,000 | 1 | 2 |
| €150,001 - €160,000 | 1 | 2 |
| €160,001 - €170,000 | 2 | 0 |
| €170,001 - €180,000 | 1 | 1 |

* Éilítear miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (lena n-áirítear tuarastail agus sochair eile) os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000, faoi chiorclán DPER 13/2014.

6. Luach saothar agus speansais na Stiúrthóirí

| | 2018 € | 2017 € | 2018 £ | 2017 STG£ |
|---|---|---|---|---|
| Joan O'Shaughnessy Cathaoirleach | 11,970 | 11,970 | 10,592 | 10,492 |
| Chris Brooke (Leas-Chathaoirleach) | 9,830 | 9,830 | 8,699 | 8,616 |
| Trevor Clarke | 7,695 | 7,695 | 6,809 | 6,745 |
| Harry Connolly | 7,695 | 7,695 | 6,809 | 6,745 |
| Graham Keddie | 7,695 | 7,695 | 6,809 | 6,745 |
| David O'Brien | 7,695 | 7,695 | 6,809 | 6,745 |
| Michael O'Sullivan | 7,695 | 7,695 | 6,809 | 6,745 |
| Kathryn Thomson | 7,695 | 7,695 | 6,809 | 6,745 |
| Trevor White | 7,695 | 7,695 | 6,809 | 6,745 |
| Ar son seirbhísí mar Stiúrthóirí | 75,665 | 75,665 | 66,954 | 66,323 |

Threoraigh triúr de na Stiúrthóirí, David O'Brien, Graham Keddie agus Kathryn Thomson, do Thurasóireacht Éireann CTR a luach saothair a íoc le carthanachtaí, Festina Lente Enterprises, Carthanacht Uimhir CHY16821 Goliath Trust Limited (ar feitheamh ar stádas carthanachta) agus The National Museum of Northern Ireland (Uimh carthanachta NIC103729 faoi seach. Mar sin, cé go bhfuil luach saothair O'Brien, Kavanagh, agus Thomson áirithe sa tábla thuas, ní bhfuair ceachtar acu aon chuid den luach saothair sin.

Ní bhfuair aon Stiúrthóir eile luach saothair agus níl na Stiúrthóirí i dteideal aon díolaíochtaí eile, sochar nó pinsean, agus níl siad i dteideal cúitimh i leith cailleadh oifige. Ní bhfuair aon duine de na Stiúrthóirí dreasacht le hoifig a ghlacadh.

Déantar speansais na gComhaltaí Boird a mhiondealú mar seo a leanas

| | 2018 € | 2017 € | 2018 ST£ | 2017 STG£ |
|---|---|---|---|---|
| Míleáiste | 3,391 | 3,044 | 3,001 | 2,497 |
| Cóiríocht agus Cothú | 6,407 | 1,426 | 5,669 | 1,170 |
| Speansais taistil eile | 6,537 | 2,519 | 5,784 | 2,066 |
| **Iomlán** | 16,335 | 6,989 | 14,454 | 5,733 |

7. Sócmhainní Doláimhsithe Seasta

Baineann an sócmhainne seo le ceannach an ainm fearainn "Ireland.com" ón Irish Times ag deireadh na bliana 2012.

| | Ainm Fearainn<br>€<br>(000) |
|---|---|
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2018 | 609 |
| Breiseanna | - |
| Diúscairtí | - |
| Ag 31 Nollaig 2018 | 609 |
| | |
| Amúchadh | |
| Ag 1 Eanáir 2018 | 609 |
| Muirear don Bhliain | - |
| Diúscairtí | - |
| Ag 31 Nollaig 2018 | 609 |
| | |
| Glanluach Leabhair | € (000) |
| Ag 31 Nollaig 2017 | - |
| Ag 31 Nollaig 2016 | - |

| | Ainm Fearainn<br>STG£<br>(000) |
|---|---|
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2018 | 540 |
| Coigeartú Malartáin | |
| Breiseanna | - |
| Diúscairí | - |
| Ag 31 Nollaig 2018 | 540 |
| | |
| **Amúchadh** | |
| Ag 1 Eanáir 2018 | 540 |
| Coigeartú Malartáin | - |
| Muirear don Bhliain | - |
| Diúscairtí | - |
| Ag 31 Nollaig 2018 | 540 |
| | |
| Glanluach Leabhair | StG£<br>(000) |
| Ag 31 Nollaig 2018 | - |
| Ag 31 Nollaig 2017 | - |

Déantar saol úsáideach na sócmhainní seasta doláimhsithe, lena ndéantar an t-amúchadh a ríomh, a mheas mar seo a leanas:

Ainmneacha Fearainn 5 bliana

## 8. Maoin, gléasra agus Feistis

| | Trealamh Ríomhaireachta | Daingneáin agus Feistis | Maoin Léasachta | Sócmhainní á dTógáil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2018 | 1,678 | 912 | 2,381 | 240 | 5,211 |
| Breiseanna | 28 | 40 | - | 1,121 | 1,189 |
| Diúscairtí | (490) | (353) | (1,649) | - | (2,492) |
| **Ar 31 Nollaig 2018** | **1,216** | **599** | **732** | **1,361** | **3,908** |
| Dímheas<br>Ag 1 Eanáir 2018 | 1,230 | 870 | 2,381 | - | 4,481 |
| Muirear don Bhliain | 180 | **8** | - | - | 188 |
| Diúscairtí | (478) | (353) | (1,649) | - | (2,480) |
| Ar 31 Nollaig 2018 | 932 | 525 | 732 | - | 2,189 |

## An glanluach leabhar

| Glanluach Leabhair | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar 31 Nollaig 2018 | 284 | 74 | - | 1,361 | 1,719 |
| Ar 31 Nollaig 2017 | 448 | 42 | | 240 | 730 |

| | Trealamh Ríomhaireachta | Daingneáin agus Feistis | Maoin Léasachta | Sócmhainní á dTógáil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| Costas<br>Ag 1 Eanáir 2018<br>Coigeartú Malartáin | <br>1,488<br>8 | <br>811<br>4 | <br>2,114<br>1 | <br>213<br>13 | <br>4,626<br>26 |
| Breiseanna | 25 | 35 | - | 92 | 1,052 |
| Diúscairtí | (434) | (313) | (1,459) | - | (2,206) |
| **Ar 31 Nollaig 2018** | 1,087 | 537 | 656 | 1,218 | 3,498 |
| **Dímheas**<br>Ag 1 Eanáir 2018 | 1,092 | 772 | 2,114 | - | 3,978 |
| Coigeartú Malartáin | 6 | 3 | 1 | 13 | 26 |
| Muirear don Bhliain | 160 | 7 | - | | 167 |
| Diúscairtí | (423) | (312) | (1,459) | | (2,194) |
| **Ar 31 Nollaig 2018** | 835 | 470 | 656 | | 1,961 |

| Glanluach Leabhair | ST£ (000) | ST£ (000) | ST£ (000) | ST£ (000) | ST£ (000) |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar 31 Nollaig 2018 | 252 | 67 | - | 1,218 | 1,537 |
| Ar 31 Nollaig 2017 | 396 | 39 | - | 213 | 648 |

Déantar saol úsáideach réadmhaoine, ghléasra agus trealaimh, lena ndéantar an dímheas a ríomh, a mheas mar seo a leanas:

Trealamh Ríomhaireachta 3 bliana Daingneáin agus Feistis 8 mbliana
Réadmhaoin Léasachta 8 mbliana Sócmhainní á dTógáil Gan Dímheas

## 9. Infháltais

| | 2018 € (000) | 2017 € (000) | 2018 STG£ (000) | 2017 STG£ (000) |
|---|---|---|---|---|
| Feichiúnaithe Trádála | **42** | 278 | **38** | 247 |
| Fáilte Éireann | **1,620** | 3,317 | **1,449** | 2,943 |
| Tourism Northern Ireland | **6** | 20 | **5** | 17 |
| Ilfheichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | **1,134** | 1,049 | **1,014** | 931 |
| | **2,802** | 4,664 | **2,506** | 4,138 |

## 10. Méideanna Iníoctha

| Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | 2018 € (000) | 2017 € (000) | 2018 STG£ (000) | 2017 STG£ (000) |
|---|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála agus éagsúla | 9,587 | 8,600 | 8,575 | 7,630 |
| Ioncam trádála réamhfhaighte | 7 | 17 | 6 | 15 |
| Costais agus asbhaintí cánach a bhain le pá | 162 | 325 | 146 | 289 |
| Costais Pinsin | 6 | 12 | 6 | 10 |
| CBL | 199 | 152 | 178 | 135 |
| Fabhruithe | 2,995 | 1,336 | 2,643 | 1,185 |
| | 12,916 | 10,442 | 11,554 | 9,264 |

## 11. Léasanna Oibriúcháin

Ag 31 Nollaig 2018 bhí ceangaltais mar seo a leanas ar an Chuideachta faoi léasanna Oibriúcháin:

| | Áitribh | Léasanna Oibriúcháin Eile | Iomlán | Áitribh | Léasanna Oibriúcháin Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| laistigh de 1 bhliain | 2,076 | 2 | 2,078 | 1,857 | 2 | 1,859 |
| idir 2 agus 5 bliana | 4,551 | 4 | 4,555 | 4,071 | 3 | 4,074 |
| Níos mó ná 5 bliana | 9,423 | - | 9,423 | 8,429 | - | 8,429 |
| | 16,050 | 6 | 16,056 | 14,357 | **5** | 14,362 |

## 11. Léasanna Oibriúcháin (ar lean)

Seo a leanas miondealú ar an gcíos iníochta maidir le háitribh ar léas

| | | | **2018 Cíos Iníoctha** | 2017 Cíos Iníoctha | **2018 Cíos Iníoctha** | 2017 Cíos Iníoctha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Suíomh | Dáta Éaga | Briseadh Clásal | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| Ardoifigí | | | | | | |
| Baile Átha Cliath (3)<br>Cúil Raithin | 2038<br>2023 | -<br>- | **611**<br>**40** | 609<br>44 | **541**<br>**35** | 534<br>39 |
| **Oifigí thar lear** | | | | | | |
| Amsterdam | 2021 | - | **67** | 66 | **59** | 58 |
| An Bhruiséil | 2021 | - | **33** | 36 | **29** | 32 |
| Copenhagen | 2020 | - | **55** | 54 | **49** | 47 |
| Dubai | 2020 | - | **92** | 94 | **82** | 82 |
| Frankfurt | 2022 | - | **70** | 70 | **62** | 61 |
| Glaschú | 2028 | - | **15** | 18 | **13** | 16 |
| Londain (3) | 2025 | 2020 | **232** | 259 | **205** | 227 |
| Madrid (1)(2) | Rolláil | - | **45** | 44 | **40** | 39 |
| Milan(2) | Rolláil | - | **46** | 45 | **41** | 39 |
| Nua Eabhroc (1) | 2019 | - | **560** | 623 | **496** | 546 |
| Páras | 2027 | 2024 | **147** | 143 | **130** | 125 |
| Shanghai (3) | 2019 | - | **26** | 26 | **23** | 23 |
| Sydney | 2022 | - | **78** | 65 | **69** | 57 |
| Toronto | 2023 | - | **49** | 53 | **43** | 46 |
| Costais Iomlána Bliantúla | | | **2,166** | 2,249 | **1,917** | 1,971 |

Nótaí:

1) Cóiríocht á roinnt le gníomhaireacht eile stáit nó comhlacht Rialtais eile.

(2) Áitreabh sealbhaithe ar bhonn reatha rollála gan téarma seasta

(3) De réir FRS102, déantar dreasachtaí léasa a spré thar an tréimhse léasa atá fágtha.

# Nótaí ar na Ráitis Airgeadais (ar lean)
don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2018

## 12. Réiteach (Easnamh)/Barrachas ioncaim thar caiteachas le hairgead glan a gineadh as gníomhaíochtaí oibriúcháin

| | **2018** | 2017 | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| **(Easnamh)/ Barrachasdon bhliain** | (1,308) | 974 | (1,157) | 853 |
| Amúchadh sócmhainní seasta doláimhsithe | - | 122 | - | 107 |
| Dímheas ar mhaoin, gléasra agus Feistis | **188** | 87 | **167** | 76 |
| Aistriú (chuig)/ó Chúlchiste Deontais an Rialtais | **989** | 476 | **875** | 418 |
| Caillteanas ar dhiúscairt réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | **12** | 2 | **10** | 1 |
| Méadú)/Laghú in infháltais | 1,862 | (1,536 | 1,632 | (1,466) |
| Méadú/(Laghdú) i suimeanna iníoctha | 2,474 | 2,772 | 2,290 | 2,712 |
| Athluacháil ar Iarmhéid Tosaigh | - | - | **15** | 40 |
| Athluacháil ar Iarmhéid Deiridh | - | - | **(13)** | 11 |
| Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 4,217 | 2,897 | 3,819 | 2,752 |

## 13. Réiteach insreabhadh/(eas-sreabhadh) Airgid in Airgead Tirm agus i gcoibhéisí Airgid

| | **2018** | 2017 | **2018** | 2076 |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | € (000) | **STG£ (000)** | STG£ (000) |
| Airgead Tirim agus coibhéisí airgid ar 1 Eanáir | 7,960 | 5,750 | 7,062 | 4,912 |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) Airgid | 3,028 | 2,210 | 2,767 | 2,150 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag 31 Nollaig | 10,988 | 7,960 | 9,829 | 7,062 |
| Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 4,217 | 2,897 | 3,819 | 2,752 |
| Glan-(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochta neamhoibriúcháin | (1,189) | (687) | (1,052) | (602) |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) Airgid | 3,028 | 2,210 | 2,767 | 2,150 |

## 14. Pinsin

*a) Cúlra*

Chuir na Comhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus Turasóireacht Éireann Teoranta an Scéim Pinsin Thuaidh Theas le feidhm ón 29 Aibreán 2005.

Tá ranna éagsúla sa scéim phinsin le struchtúir éagsúla sochair. Is iad na príomhranna:

Roinn an Chroí-Thuarastail Deiridh - is socrú pinsean tuarastal deiridh é seo le sochair bunaithe ar roinn Clasaiceach an Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Cuirtear pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim nó aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí ar fáil faoin scéim. Is é 60ú breithlá an bhaill an gnáth-Aois Scoir. Ardaítear pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir an bhoilsciú ginearálta i bpraghsanna.

An roinn croíláir Alfa - is socrú pinsin tuilleamh athluacháilte meánaithe gairme nó scéim CARE é seo a bhfuil a chuid sochar bunaithe ar roinn alfa an Phríomhscéim Pinsean Státseirbhíse i dTuaisceart Éireann. Soláthraíonn an scéim pinsean bunaithe ar chéatadán (2.32%) den phá inphinsin le haghaidh gach bliain den bhallraíocht ghníomhach (méadaítear an pinsean ag tús gach bliana den scéim de réir an bhoilsciú ginearálta praghsanna) agus pinsin chéile agus leanaí.

An Gnáthaois Scoir

Is ionann an Ghnáth-aois Scoir agus Aois Phinsean Stáit an bhaill sa dlínse ábhartha, 67,68 nó idir 67 agus 68 sa RA agus 68 in Éirinn. Ardaítear pinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) de réir an bhoilsciú ginearálta i bpraghsanna.

Ranna Cearta Coimeádta - ranna áirithe den scéim is ea iad seo atá bunaithe ar scéimeanna seirbhíse poiblí na hÉireann a raibh fostaithe na gComhlachtaí Thuaidh Theas ina mbaill díobh nuair a ainmníodh iad agus a aistríodh nuair a cruthaíodh na Comhlachtaí. Socruithe tuarastal deiridh is ea na scéimeanna seo leis na sochair céanna leis an scéim ábhartha seirbhíse poiblí in Éirinn m.sh. Scéim Aoisliúntais do Státseirbhísigh Bunaithe. Soláthraíonn na scéimeanna seo pinsean (do bhaill neamh-chomhtháite ochtóduithe in aghaidh bliain seirbhíse ach dhá chéadú in aghaidh bliain seirbhíse ar thuarastal suas go 3.333 oiread Pinsean Ranníocaíoch Seanaoise an Stáit agus ochtóduithe sa bhliain seirbhíse ar thuarastal os cionnn 3.333 oiread Pinsean Ranníocaíoch Seanaoise an Stáit), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh an bhliain seirbhíse) agus pinsin chéile agus leanaí. Is é 60ú breithlá an bhaill (nó 65 sa Scéim Neamhranníocaíoch do Fhostaithe Stáit Neamh-bhunaithe) an gnáthaois Scoir. Go ginearálta méadaíonn pinsin in íocaíocht (agus iarchurtha) de réir boilsciú ginearálta tuarastail na seirbhíse poiblí. Is í Scéim Aoisliúntais Bhord Fáilte Éireann an Scéim Cearta Pinsin Coimeádta atá infheidhme do Thurasóireacht Éireann.

Tá sochair ag formhór na mball roinn chroíláir sna ranna Tuarastal Deiridh agus alfa araon agus bíonn iontrálaithe nua a thagann isteach sa Scéim tar éis 1 Aibreán 2015 ina mbaill den roinn Croíláir alfa.

Ina theannta sin déanann Turasóireacht Éireann ranníocaíochtaí chuig roinnt scéimeanna pearsanta arna bhfeidhmiú ag a cuid fostaithe.

*b) Cóireáil Chuntasaíochta*

Éilíonn FRS 102 ráitis airgeadais chun sócmhainní agus dliteanais a thagann as dualgais an fhostóra a léiriú, ar luach cothrom, agus na costais a aithint faoi shochair aoisliúntais a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad.

Is í an éifeacht atá ag FRS102 ná costas na bpinsean a thuilltear, in ionad íocaíochtaí do phinsinéirí, a aithint mar chaiteachas sa bhliain, agus mar mhéid maoinithe comhfhreagrach. Aithnítear sa Ráiteas ar Sheasamh Airgeadais an dliteanas carnach le haghaidh pinsin atá tuillte ag fostaithe ag 31 Nollaig 2018 mar aon le sócmhainn chomhfhreagrach.

Rinne achtúire cáilithe neamhspleách (Deloitte) luacháil do na nochtuithe FRS102 ar 31 Nollaig 2018. Ullmhaíodh torthaí na bliana seo trí luacháil iomlán a dhéanamh ar dhliteanais na Scéime ag cur coinníollacht margaidh agus sonraí scéime ar 31 Nollaig 2018 san áireamh.

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha faoi FRS102 a úsáideadh chun na dliteanais a ríomh:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine (Deisceart) | 2.15% | 2.10% |
| Ráta lascaine (Tuaisceart) | 2.75% | 2.50% |
| Ráta boilscithe (Deisceart) | 1.40% | 1.65% |
| Ráta boilscithe (Tuaisceart) | 2.15% | 2.10% |
| Ráta méadú i dtuarastail (Deisceart) | 2.15% | 3.00% |
| Ráta méadú i dtuarastail (Deisceart) | 2.15% | 2.10% |
| Ráta méadú i bpinsin (Deisceart) | 1.40 nó 2.15% | 1.65% nó 3.00% |
| Ráta méadú i bpinsin (Tuaisceart) | 2.15% | 2.10% |
| Meánsaol ionchasach sa todhchaí ag aois 65 | | |
| d'Fhear atá 65 bliana d'aois faoi láthair | 21.9 | 22.1 |
| Bean atá 65 bliana d'aois faoi láthair 65 | 23.8 | 23.9 |
| d'Fhear atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 23.3 | 23.5 |
| Bean atá 45 bliana d'aois faoi láthair | 25.4 | 25.4 |

### *c) Gluaiseacht sa ghlandliteanas pinsin le linn na bliana airgeadais*

| | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000** | **€ (000)** | **STG£ (000)** | **STG£ (000)** |
| Dualgas Sochar Scoir ag tús na bliana | (60,619) | **(64,899)** | (53,781) | **(55,443)** |
| Difríochtaí malartáin | - | - | **(472)** | **(2,169)** |
| Sochair íoctha i rith na bliana | 1,188 | **974** | 1,051 | **854** |
| Costas reatha seirbhíse | (2,736) | **(2,764)** | (2,421) | **(2,423)** |
| Traschuir ghlana isteach sa (amach ón) scéim | - | - | - | - |
| Ioncam/(muirear) airgeadais eile | (1,328) | **(1,341)** | (1,175) | **(1,175)** |
| (Caillteanas)/ Gnóthachan Achtúireach | 1,627 | **7,411** | 1,455 | **6,575** |
| Dualgas Sochar Scoir ag deireadh na bliana | (61,868) | **(60,619)** | (55,343) | **(53,781)** |

### *d) Tá an Anailís ar ghnóthachan/(caillteanas) sa Phlean le linn na tréimhse mar seo a leanas:*

| | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|---|---|
| | **€(000)** | **€(000)** | **£(000)** | **£(000)** |
| (Caillteanas)/ Gnóthachan Taithí | (1,539) | **2,938** | (1,377) | **2,607** |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar ghluaiseachtaí airgeadra | 153 | **1,150** | 137 | **1,020** |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar athrú boinn tuisceana airgeadais | 3,013 | **3,323** | 2,695 | **2,948** |
| Gnóthachan(Caillteanas) Achtúireach | 1,627 | **7,411** | 1,455 | 6,575 |

### *e) Ráiteas maidir le hAnailís Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain Airgeadais*

Tá an anailís ar an nglan-mhaoiniú iarchurtha do phinsin mar seo a leanas:

| | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | **€ (000)** | **STG£ (000)** | **STG£ (000)** |
| Costas reatha seirbhíse | 2,736 | **2,764** | 2,421 | **2,423** |
| Costas airgeadais eile | 1,328 | **1,341** | 1,175 | **1,175** |
| Sochair a íocadh i rith na bliana | **(1,188)** | **(974)** | **(1,051)** | **(854)** |
| | **2,876** | **3,131** | **2,545** | **2,744** |

Tá anailís ar an seirbhís reatha pinsin mar seo a leanas:

| | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|---|---|
| | **€ (000)** | **€ (000)** | **STG£ (000)** | **STG£ (000)** |
| Costas reatha seirbhíse | 2,736 | **2,764** | 2,421 | **2,423** |
| Costas airgeadais eile | 1,328 | **1,341** | 1,175 | **1,175** |
| | 4,064 | **4,105** | 3,596 | **3,298** |

## 14. Pinsin (ar lean)

*f) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha do Phinsin*

| | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | € (000) | € (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir | 60,619 | **64,899** | 53,781 | **55,443** |
| Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Iarchurtha Sócmhainn Phinsin | 1,2449 | **(4,280)** | 1,562 | **1,662)** |
| | | | | |
| Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig | 61,868 | **60,619** | 55,343 | **53,781** |

(Laghdú)/Méadú i Maoiniú Iarchurtha Sócmhainn Phinsin

*g) Stair Dhliteanais Shainmhínithe Sochair*

| | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € (000) | € (000) | € (000) | € (000) |
| (Easnamh) ar 31 Nollaig | (61,868) | **(60,619)** | (64,899) | (52,937) | (58,100) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí | (1,377) | **2,938** | (4,700) | (608) | 372 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | **(2.5%)** | **4.8%** | (7.2%) | 1.2% | 0.6% |
| | | | | | |
| | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 |
| | | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) | STG£ (000) |
| (Easnamh) ar 31 Nollaig | (55,343) | **(53,781** | (55,443) | (39,041) | (45,115) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí | (1,539) | **2,607** | (4,015) | (457) | 289 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | (2.5%) | **4.8%** | (7.2%) | (1.2%) | 0.6% |

Céatadán de dhliteanais na scéime

*h) Scéimeanna Pinsin Príobháideacha*

I gcúinsí nach bhfuil an fhoireann in ann leas a bhaint as an scéim, féadfaidh siad scéim ranníocaíochta sainmhínithe pearsanta a bhunú ina gcuirfidh an Chuideachta ranníocaíocht. Tá 45 ball foirne i scéimeanna dá leithéid.

**15. Ceangaltais Chaipitiúla**
Bhí caiteachas tiomanta de €0.1m (£0.09m) ag an gcuideachta ar 31 Nollaig 2018 (2017- €0.8m (£0.7m) maidir le costais feisti áitreamh nua na Ceannoifige.

**16. Ceangaltais Eile**
Bhí ceangaltas i leith caiteachas margaíochta de €5.2m (£4.7m) ar an gcuideachta ar 31 Nollaig 2018 (2017: €7.3m, £6.2m).

**17. Ceangaltais Íocaíochta Deontais**
Ní raibh aon cheangaltas íocaíochta deontais ann ar an 31 Nollaig 2018 (2017 - náid).

**18. Dliteanais Theagmhasacha**
Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann ag 31 Nollaig 2018 (2017 - náid).

**19. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara**
Is Cuideachta Teoranta le rathúnas é Turasóireacht Éireann CTR a bhfuil dhá bhall ann, Fáilte Éireann agus Tourism Northern Ireland, faoi urraíocht ag dhá roinn rialtais, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in Éirinn agus an Roinn Eacnamaíochta ( An Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Infheistíochta  roimhe seo) i dTuaisceart Éireann. Meastar na gníomhaíochtaí agus na ranna seo a bheith ina bpáirtithe gaolmhara agus i rith na bliana fuair Turasóireacht Éireann CTR an chuid is mó dá mhaoiniú uathu seo agus bhí idirbhearta éagsúla aici leo. Nochtar na hidirbhearta seo i nótaí 2, 3 agus 9.

Mar atá le go leor aonán eile, pléann Turasóireacht Éireann CTR i ngnáthchúrsaí gnó le comhlachtaí eile a bhfuil úinéireacht nó smacht i bpáirt nó in iomlán ag Rialtas na hÉireann nó Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann orthu.

**20. Comhaltaí an Bhoird - nochtadh Bearta**
I ngnáthchúrsa an ghnó, d'fhéadfadh Turasóireacht Éireann CTR dul i mbun socruithe conarthacha le gnólachtaí ina bhfuil Comhaltaí Boird fostaithe nó leasmhar ar shlí eile. Tá nósanna imeachta glactha chucu ag Turasóireacht Éireann CTR atá faoi réir na dtreoirlínte atá eisithe maidir le nochtadh leasanna na gComhaltaí Boird agus tá siad tar cloí leis na nósanna sin i rith na bliana.

I rith na bliana, d'íoc Turasóireacht Éireann €17k (£15k) (2017:€14k, £12k) le Galgorm Castle Estate, a bhfuil Christopher Brooke ina stiúrthóir air, ar son chóiríocht agus áiseanna óstáin den chuid is mó.

Ní bhfuair na comhaltaí Boird atá i gceist aon docaiméidiúchán ó Thurasóireacht Éireann maidir leis na hidirbhearta ná ní raibh na comhaltaí páirteach in aon chinneadh a bhain leis na hidirbhearta.

**21. Faomhadh na Ráitis Airgeadais**
D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 13 Meitheamh 2018.

Turasóireacht Éireann

Cúil Raithin
Beresford House
2 Beresford Road
Cúil Raithin
BT52 1GE
T: +44 28 7035 9200
F: +44 28 7035 6392

Baile Átha Cliath
4ú Urlár
Cnoc an Réamannaigh,
Baile Átha Cliath 2
D02 TD99
T: +353 1 476 3400
F: +353 1 476 3666
r: info@tourismireland.com

Gréasán: www.tourismireland.com